# Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031



## Dréachtphlean

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



*Seo an t-am chun ár gcaidreamh leis an dúlra a athrú ó bhonn* –

Elizabeth Maruma Mrema, Rúnaí Feidhmiúcháin, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch (COP 15, 2022)

# Clár an Ábhair

**Brollach** 1

**Buneolas faoin mBithéagsúlacht** 3

**Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031** 9

**Ag Obair i gComhpháirtíocht leis an Dúlra: Réitigh Inbhuanaithe dár bhFolláine** 16

**Ionstraimí Reachtúla agus Beartais Straitéiseacha a threoraíonn an Plean** 21

**Láithreáin Caomhnaithe an Dúlra i gContae an Chláir** 25

**Bagairtí agus Dúshláin don Bhithéagsúlacht** 32

**Éiceachórais Chontae an Chláir** 47

**Colúin, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031** 65

- **Colún 1: Líonra Éiceolaíoch an Chontae a Fhorbairt agus Taighde a dhéanamh air** 69
- **COLÚN 2: Bithéagsúlacht a Chomhtháthú inár gCleachtais Oibre** 73
- **COLÚN 3: Ár Sócmhainní Bithéagsúlachta a Athchóiriú, a Fheabhsú agus a Chaomhnú** 79
- **COLÚN 4: Feasacht agus Oideachas ar Bhithéagsúlacht a Mhéadú do na Glúnta atá le teacht** 88
- **COLÚN 5: Comhpháirtíochtaí Comhoibríocha a Chothú don Dúlra** 96

**Cur i bhFeidhm, Monatóiriú agus Tuairisciú an Phlean** 106

**Aguisíní** 108

# Brollach

I mo cháil mar Chathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir agus thar ceann mo chomhaltaí tofa, cuirim fáilte roimh ullmhú an Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031. Tá cáil idirnáisiúnta ar Chontae an Chláir as a bhithéagsúlacht shaibhir, rud a léirítear sna gnáthóga agus sna speicis éagsúla a dhéanann Contae an Chláir chomh huathúil sin seo. Ní hamháin gur cúis bróid áitiúil an saibhreas nádúrtha seo ach is sócmhainn ríthábhachtach é chomh maith do shláinte an chomhshaoil agus folláine an phobail. Is é seo an 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae a léiríonn an tábhacht a chuireann Comhairle Contae an Chláir ar bhithéagsúlacht agus an tiomantas leanúnach atá ann oidhreacht nádúrtha an chontae a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir as a ról agus a n-ionchur luachmhar in ullmhú an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, chomh maith le pobail, eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, daoine aonair agus páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa phróiseas déanta plean. Chuir siad go léir leis an bplean cuimsitheach seo a chuireann le rath na bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta roimhe seo trí straitéis a leagan amach a bhfuil sé mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar an ‘éigeandáil bhithéagsúlachta' i gContae an Chláir agus stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta trí thacú le gníomhartha a chuireann gnáthóga agus speicis athléimneacha chun cinn agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha don ghlúin reatha agus don ghlúin atá le teacht.

Éilíonn cosaint agus cothú na bithéagsúlachta cur chuige uile-shochaí agus tuigimid nach bhfuil cosaint oidhreachta nádúrtha an chontae

I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir, tá áthas orm Plean Gníomhaíochta an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 a chur i láthair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir le próiseas ullmhúcháin an phlean seo. Tagann an plean seo ag am ríthábhachtach, agus géarchéim bhithéagsúlachta atá ag dul in olcas romhainn, ar fud an domhain agus go háitiúil araon, agus leagann sé amach creat soiléir chun freagairt go bríoch agus go comhoibríoch don dúshlán seo. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 príomhchuspóirí agus gníomhartha atá dírithe ar chailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú, tacú le hiarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe agus dul i ngleic le bagairtí agus brúnna a mbíonn tionchar acu ar ár dtimpeallacht nádúrtha.

Forbraíodh an plean trí chomhoibriú fairsing a dhéanamh le pobail áitiúla, grúpaí comhshaoil, úinéirí talún agus gníomhaireachtaí, rud a léiríonn ár bhfreagracht agus ár dtiomantas comhroinnte. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ról na Comhairle Oidhreachta as a dtacaíocht agus mar chomhpháirtí i gClár Oibre Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith do chúnamh Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir trína gcuid breathnóireachtaí agus ionchur.

Ní féidir le haon eagraíocht amháin cosaint na bithéagsúlachta a bhaint amach. Éilítear cur chuige uile-shochaí chun bithéagsúlacht a chosaint do na glúnta atá le teacht. Beidh oideachas, rannpháirtíocht agus maoirseacht, go háirithe i measc ár nglún óg agus ár bpobal, ríthábhachtach chun athrú fadtéarmach a spreagadh chun ár gcaidreamh leis an dúlra a athrú ó bhonn.

<table>
<tr>
<td>faoi chúram aon ghrúpa amháin – is gá comhoibriú a bheith ann idir na páirtithe leasmhara uile. Molaim do gach duine páirt a ghlacadh i gcur i gcrích an Phlean Gníomhaíochta Contae um Bithéagsúlacht agus, ar an dóigh sin, an bhithéagsúlacht thart orainn a chaomhnú agus a fheabhsú ionas go mbainfidh gach duine taitneamh aisti agus go mbeidh sí ar fáil dár nglúnta amach anseo.<br><br>An Clr Paul Murphy Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chláir</td>
<td>Is plean é seo do mhuintir an Chláir agus molaim do gach duine glacadh leis an bplean agus a bheith páirteach i gcosaint na bithéagsúlachta a chothaíonn sinn uile. Le chéile, is féidir linn todhchaí níos sláintiúla agus níos athléimní a chothú d'aisghabháil an dúlra agus do mhuintir Chontae an Chláir.<br><br>Gordon Daly, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir</td>
</tr>
</table>

## Buneolas faoin mBithéagsúlacht

**Céard is bithéagsúlacht ann?**

Is éard atá sa bhithéagsúlacht nó san 'éagsúlacht bhitheolaíoch' ná éagsúlacht uile na beatha ar an domhan. Áirítear leis an mbithéagsúlacht gach rud beo, idir phlandaí amhail raithneach, crainn agus ainmhithe, lena n-áirítear feithidí (e.g. féileacáin) agus mamaigh (e.g. ialtóga), fungais, algaí agus gach foirm bheatha micreascópach eile agus na héiceachórais ar chuid díobh iad. Oibríonn gach ceann de na speicis agus na horgánaigh seo le chéile chun cothromaíocht a choinneáil agus chun tacú leis an saol. Soláthraíonn an bhithéagsúlacht na bloic thógála riachtanacha d'éiceachórais. Déanann an focal 'éiceachóras' cur síos ar ghrúpa pobal beo agus a n-idirghníomhaíocht leis na heilimintí fisiceacha (neamhbheo) aeir, uisce, carraigeacha agus ithreacha. Níl an bhithéagsúlacht teoranta do speicis neamhchoitianta nó speicis atá faoi bhagairt ach áirítear léi an saol nádúrtha ar fad idir speicis choitianta agus speicis atá i mbaol criticiúil agus faoi chosaint. Is féidir a áireamh sa bhithéagsúlacht tearmainn don fhiadhúlra chomh mór le héiceachóras Pháirc Náisiúnta na Boirne go fál sceach nó lochán beag laistigh de ghairdín nó de ghabháltas talún.

**Cén fáth go bhfuil an bhithéagsúlacht tábhachtach dúinn i gContae an Chláir?**

Tá cáil idirnáisiúnta ar Chontae an Chláir as a bhithéagsúlacht shaibhir, ó thírdhreach Bhoirne sa tuaisceart go hInbhear na Sionainne sa deisceart, go Loch Deirgeirt san oirthear agus go dtí ár gcósta garbh agus gnáthóga mara san iarthar, mar aon lenár n-éagsúlacht i mbogaigh, portaigh, aibhneacha, srutháin, féarthalamh leathnádúrtha, fálta sceach agus coillte dúchasacha atá scaipthe ar fud an chontae. Tá tábhacht áitiúil, contae, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le hoidhreacht nádúrtha an Chláir agus tá ról tábhachtach le glacadh againn uile i gcosaint na bithéagsúlachta agus i gcaomhnú agus i bhfeabhsú an chomhshaoil nádúrtha. I measc na láithreáin a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo, tá láithreáin Eorpacha ainmnithe arb iad Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta iad. Ina theannta sin, tá tábhacht náisiúnta ag baint leis an gClár mar gheall ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe, Anaclanna Dúlra, láithreáin Ramsar, Tearmainn Éanlaithe Fiáine, Páirc Náisiúnta Bhoirne agus láithreán OSPAR. Tá bithéagsúlacht i ngach áit thart timpeall orainn, inár dtithe, inár ngairdíní, inár bhfeirmeacha, inár bpobail, inár ngnólachtaí, inár gclubanna spóirt agus inár scoileanna. Tá ról tábhachtach aige inár n-éiceachórais agus sna seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn sé.

**Mar a chabhraíonn an bhithéagsúlacht linn?**

Cuireann an bhithéagsúlacht réimse leathan buntáistí ar fáil dúinn, rud a chuireann le folláine chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Go ríthábhachtach, soláthraíonn an bhithéagsúlacht réimse seirbhísí éiceachórais dúinn. Is seirbhísí éiceachórais iad gach gné den dúlra a thugann luach go díreach nó go hindíreach d'fholláine an duine, agus tá an bhithéagsúlacht ríthábhachtach chun tacú leis na seirbhísí seo. Tugann an bhithéagsúlacht seirbhísí éiceachórais dúinn amhail slándáil bia trí phailneoirí; uisce glan trí éiceachórais

bhogaigh shláintiúla atá ag feidhmiú; gabháil carbóin trí stoic atá ceangailte le coillte dúchasacha agus tailte portaigh; cosc le tuile i bhfoirm taiscumair nádúrtha atá nasctha le bogaigh, dumhcha gainimh cois cósta agus gnáthóga portaigh ardtailte; deiseanna oideachais agus taighde; taitneamhachtaí agus caitheamh aimsire; agus acmhainní nádúrtha. Tá cosaint na bithéagsúlachta i gContae an Chláir riachtanach chun cur le rialáil aeráide agus seirbhísí éiceachórais a sholáthar, lena n-áirítear aer agus uisce glan, ithreacha sláintiúla, soláthairtí bia agus cógais.

Trí aitheantas a thabhairt do ról na bithéagsúlachta i seachadadh na seirbhísí seo, cuirtear bonn eolais faoi ghníomhartha atá dírithe ar ár sócmhainní bithéagsúlachta i gContae an Chláir a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 ár dtuiscint ar sheirbhísí éiceachórais a neartú agus na téamaí seo a chuimsiú i gcleachtais chinnteoireacht agus i gcleachtais a bhaineann le hobair i gComhairle Contae an Chláir. Tá go leor de na seirbhísí a sholáthraíonn an bhithéagsúlacht dúinn ar leibhéal éiceachórais. Is féidir na 'seirbhísí éiceachórais' seo a roinnt ina seirbhísí rialála, seirbhísí soláthair, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí cultúrtha, mar a léirítear thíos.

Ceithre chineál seirbhísí éiceachórais




Ecosystem Services
Climate Stabilization
Erosion Control
Pollination
Wood
Nutrient Cycling
Carbon Sequestration
Livestock
Recreation
Water Supply
Food Security
Flood Control

**Loiceadh an dúlra: tuiscint a fháil ar ghéarchéim na bithéagsúlachta**

I mí na Bealtaine 2019, d'fhógair Dáil Éireann 'éigeandáil bithéagsúlachta', rud a fhágann gurb í Éire an dara tír ar domhan a rinne é sin. Tá meath mór tagtha ar an mbithéagsúlacht ar fud na hÉireann, lena n-áirítear i gContae an Chláir, le blianta beaga anuas. Ceanglaítear ar Éirinn faoi Airteagal 12 de Threoir an AE maidir le Gnáthóga monatóireacht a dhéanamh ar stádas caomhnaithe ár ngnáthóg agus ár speiceas agus tuairisc a thabhairt faoi don Choimisiún Eorpach gach sé bliana. Leis na tuarascálacha is déanaí faoi Airteagal 17 a cuireadh faoi bhráid an AE in 2019, fuarthas amach go bhfuil 85% de ghnáthóga an AE agus 30% de speicis in Éirinn ag dul in olcas agus go bhfuil stádas caomhnaithe 'neamhfhabhrach' acu. Léiríonn staidéir eile chomh maith go bhfuil laghdú tagtha ar an mbithéagsúlacht: Tá 26% d'éin na hÉireann ar an Liosta Dearg anois (tuarascáil faoi Éin in Éirinn atá ina gCúis Imní maidir le Caomhnú), tá 63% de speicis éan ag dul i laghad (BirdLife International), tá níos mó ná leath de speicis beach na hÉireann ag dul i laghad ó 1980 (Liosta Dearg um Beacha na hÉireann), tá níos mó ná leath dár speicis plandaí dúchasacha ag dul i laghad (Atlas Plandaí 2020), agus tá féileacáin ag dul i laghad 35% (Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann). Is iad cailliúint gnáthóige agus díghrádú gnáthóige agus an chaoi a mbainistímid ár dtimpeallacht a d'imir an tionchar is mó ar ár ngnáthóga agus ar ár speicis. Tá brúnna den sórt sin ag cur leis an meath nó leis an mbaol díothaithe go leor dár speicis Éireannacha a bhíodh coitianta tráth. Caithfidh gach earnáil den tsochaí gníomhú le chéile anois chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta agus chun ár bhflóra agus ár bhfána dúchasacha i gContae an Chláir a chosaint.


The most recent Article 17 reports (2019) prepared for the European Commission assessed 85% of EU habitats and 30% of EU listed species as being of 'Unfavourable' status (declining and deteriorating) in Ireland.
The State of the World's Birds report (BirdLife International, 2022) identified 63% of Irish birds as declining
the Regional Red List of Irish Bees has identified 50% of pollinators in decline with 1 species extinct
The Plant Alas 2020 survey reports more than half of Ireland's native plant species in decline, with native grasslands suffering the largest decline
The Irish Butterfly Monitoring Scheme (2021) identified a 35% decline in the Irish butterfly population.
What do you think are the biggest threats to biodiversity?
How should we protect our biodiversity assets for future generations?
How can you help biodiversity?



# Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031

**Ról agus creat Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031**

Soláthróidh Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 creat do ghníomhaíocht bhithéagsúlachta thar na sé bliana atá romhainn agus é mar aidhm aige stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta i gContae an Chláir. Tagann an plean nua in áit an 3ú Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2017-2023 ar éirigh go han-mhaith leis faoi choimirce Chomhairle Contae an Chláir. Tá sé mar aidhm ag an bplean nua a chinntiú go ndéanfar an bhithéagsúlacht i gContae an Chláir a chaomhnú, a athchóiriú, a fheabhsú agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus seirbhísí éiceachórais á gcothabháil, pláinéad sláintiúil á chothú agus buntáistí riachtanacha á soláthar do chách.

Leagtar amach sa phlean nua fís a bhfuil cúig cholún lárnacha, cúig chuspóir fhorleathana, gníomhartha sonracha, spriocanna agus PTFanna mar thaca leis. Is doiciméad neamhreachtúil é an plean atá bunaithe ar 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030, doiciméad reachtúil a leagann béim ar chur chuige "Uile-Rialtais, Uile-Shochaí" maidir le caomhnú na bithéagsúlachta, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE. Éilíonn an plean náisiúnta ar gach údarás áitiúil pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta a ghlacadh faoi 2026. Déanann Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031 gníomhartha an Plean Náisiúnta um Bithéagsúlacht a shainaithint agus a aistriú, de réir mar a bhaineann siad leis an mbithéagsúlacht ar leibhéal an údaráis áitiúil i bPlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031, agus cinntíonn sé go gcuirtear gníomhartha i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil tríd an bplean.

***Déantar plé sa Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht ar an gcaoi a bhféadfaimid mar shochaí (e.g. saoránaigh, pobail, gnólachtaí, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit) gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil na bithéagsúlachta mar chuid d'iarracht náisiúnta athnuaite chun gníomhú ar son an dúlra.***

Tugann an plean aird chomh maith ar Phlean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030 agus tá sé bunaithe ar chuspóirí straitéiseacha bithéagsúlachta Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, rud a chinntíonn go gcomhlíonann pleanáil reachtaíocht chomhshaoil amhail Treoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin. Tacaíonn an plean bithéagsúlachta le beartas pleanála a fhorbairt chomh maith agus spreagann sé dea-chleachtais i mbainistíocht na bithéagsúlachta ar fud gach réimse feidhme laistigh de Chomhairle Contae an Chláir. Rinneadh scagthástáil le haghaidh Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil ar Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 agus chuir straitéisí caomhnaithe idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla bonn eolais faoi. Cloíonn forbairt an phlean le doiciméad treorach na Comhairle Oidhreachta: *Treoirlínte maidir le Plean Gníomhaíochta na nÚdarás Áitiúil um Bithéagsúlacht*.





**Próiseas ullmhúcháin an phlean**

Léiríonn an plean seo tiomantas leanúnach Chomhairle Contae an Chláir dár n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint chun leasa na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht. Rinneadh athbhreithniú ar na cuspóirí a leagadh amach i bPlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2017-2023 roimhe seo chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an phlean nua agus rinneadh gníomhartha a nuashonrú chun aird a thabhairt ar na hathruithe iomadúla atá tagtha chun cinn i dtéarmaí

pleananna, beartais, reachtaíochta agus tionscnamh bithéagsúlachta ó foilsíodh an plean roimhe seo. Cuireadh tús leis an bpróiseas ullmhúcháin don phlean nua in 2024 agus tá na príomhchéimeanna seo a leanas mar bhonn leis:

- Bunú Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir;
- Eolas faoin bpróiseas ullmhúcháin phlean do bhaill thofa na gceithre Choiste Ceantair Bardasach i gCill Dá Lua, i Sionainn, in Inis agus i gContae an Chláir Thiar;
- Foilsiú Pháipéar na Saincheisteanna Bithéagsúlachta i gcomhthráth leis an gCéim Chomhairliúcháin Réamh-Dhréachta;
- Céim Chomhairliúcháin Réamh-Dhréachta: Rannpháirtíocht an phobail ag céim luath den phróiseas ceaptha pleananna trí cheardlanna comhairliúcháin duine le duine a reáchtáil agus tairseach ar líne tiomnaithe 'Abair Do Thuairim' (clarecoco.ie) a bhunú chun na haighneachtaí a fuarthas a bhailiú. Cur chun cinn rannpháirtíocht an phobail trí fhógraí nuachtáin, fógraí raidió, preasráitis agus na meáin shóisialta;
- Ceistneoir ar líne a fhorbairt chun aiseolas ó rannpháirtithe a bhailiú chun bearnaí eolais agus riachtanais oiliúna a aithint;
- Aighneachtaí a bhailiú agus a athbhreithniú chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha le haghaidh Dréachtphlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031;
- Dréachtphlean a ullmhú agus a chur i láthair d'fhoireann shinsearach bhainistíochta Chomhairle Contae an Chláir.
- Céim Chomhairliúcháin an Dréachtphlean (tairseach ar líne agus ceardlanna comhairliúcháin duine le duine)
- Na haighneachtaí a fuarthas a thiomsú agus a athbhreithniú.
- An dréacht deireanach don phlean a chur i láthair do bhaill an Choiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta (SPC)
- Formhuiniú an phlean deiridh ag Comhaltaí Tofa na Comhairle.

**Mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí le linn chéim Chomhairliúcháin Réamh-Dhréachta an phlean,**

- fuarthas 41 aighneacht;
- comhlánaíodh 93 ceistneoir.

Léirítear cuid de na príomhthéamaí a eascraíonn as an gCéim Chomhairliúcháin Réamh-Dhréachta sa néal focal.




***Bhí suim ag 76% de na freagróirí páirt a ghlacadh in Imeacht Oiliúna Bithéagsúlachta Pobail*;**

***D'aithin formhór na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu cailliúint gnáthóige mar an chúis is mó le meath na bithéagsúlachta.*;**

***Níl ach 40% de fhreagróirí an tsuirbhé páirteach i dtionscadal bithéagsúlachta ina gceantar áitiúil.***

**Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir**

Bunaíodh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir i mí Iúil 2023 agus tá ionadaithe páirteach ann ó ghrúpaí leasmhara éagsúla, lena n-áirítear comhaltaí tofa de Chomhairle Contae an Chláir, baill foirne tábhachtacha údaráis áitiúla, eagraíochtaí reachtúla, gníomhaireachtaí leathstáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, grúpaí pobail, ionadaithe feirmeoireachta agus institiúidí oideachais. Is é ról bhaill an fhóraim treoir, saineolas agus breathnóireachtaí a sholáthar i rith chéim ullmhúcháin Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031 agus ionchur a thabhairt le linn chéimeanna cur chun feidhme, seachadta agus athbhreithnithe monatóireachta an phlean. Cuireann an fóram tras-chomhoibriú chun cinn agus cothaíonn sé rannpháirtíocht láidir i measc bhaill an fhóraim chun gníomhartha a bhaint amach le linn shaolré Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031.



**Príomhghnóthachtálacha a baineadh amach faoi Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2017-2023 agus deiseanna nua**

Chuir Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2017-2023 roinnt tionscadal tábhachtacha i gcrích agus baineadh amach garspriocanna tábhachtacha, rud a chuir go mór le cuspóirí bithéagsúlachta faoin bplean a bhaint amach. Seoladh an Ciste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil, arna riar ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le linn shaolré an phlean agus bhí ról suntasach aige i seachadadh tionscadal mar aon le tacaíocht airgeadais ó Chomhairle Contae an Chláir agus ón gComhairle Oidhreachta. Baineadh amach na tionscadail agus na garspriocanna seo a leanas le linn Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2017-2023:

- *Lámhleabhar Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir: Treoirlínte Dea-Chleachtais* (Comhairle Contae an Chláir, 2021)
- Suirbhé ar Bhogaigh Chontae an Chláir (2022 - an t-am i láthair)
- Tionscadal Screachóg Reilige an Chláir (2022 - an t-am i láthair)
- Suirbhé ar Ghabhláin Ghaoithe an Chláir (2017-2020)
- Suirbhé ar Úsáid Éan Uisce Inbhir na Sionainne-an Fhorghais (2017-2018)
- Clár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir (2023 - an t-am i láthair)

- Tionscnamh Burrenbeo 'Cúinne an Ghiorria' (2021 - an t-am i láthair)
- Staidéar Circuitscape ar Ialtóga Inse (2023 - an t-am i láthair)
- Láithreáin Taispeána le haghaidh Bainistíocht na Bithéagsúlachta (2020)
- Suirbhé ar Fhlóra Neamhchoitianta faoi Chosaint Bhoirne (2023 - an t-am i láthair)
- Suirbhéanna, taighde agus cláir díothaithe um speicis ionracha agus cumarsáid fhor-rochtana (ar siúl)
- Tacaíocht a thabhairt do phacáistí oibre cumarsáide for-rochtana a chuireann rannpháirtíocht agus feasacht ar bhithéagsúlacht chun cinn i ndáil leis na hearnálacha muirí, coillte dúchasacha, feirmeoireachta agus speicis choimhthíocha ionracha neamhdhúchasacha (ar siúl)
- Ceapachán Oifigeach Bithéagsúlachta Contae laistigh de Chomhairle Contae an Chláir i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta (2023)
- Sínithe mar Chomhpháirtí Oifigiúil Chomhairle de 'Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí' (2020)

Sa Phlean Gníomhaíochta Contae nua an Chláir um Bithéagsúlacht, aithneofar deiseanna nua le haghaidh gníomhartha atá dírithe ar an mbithéagsúlacht laistigh de cheantair de chuid bhunachar talún na Comhairle; Láithreáin Bithéagsúlachta Tábhachtacha Áitiúla (LIBS) lena gcosaint; suirbhéanna agus taighde ar ghnáthóga agus speicis a dhéanamh; comhoibriú le pobail, úinéirí talún agus páirtithe leasmhara tábhachtacha ar thionscnaimh chomhpháirteacha ar fud an chontae agus feasacht ar bhithéagsúlacht a chur chun cinn; agus bithéagsúlacht a chomhtháthú in oibríochtaí Chomhairle Contae an Chláir.



## Ag Obair i gComhpháirtíocht leis an Dúlra: Réitigh Inbhuanaithe dár bhFolláine

Is féidir le hobair leis an gcomhshaol nádúrtha torthaí dearfacha a bhaint amach don tsochaí, don gheilleagar agus don bhithéagsúlacht i gContae an Chláir. Díríonn an cur chuige seo ar an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe chun folláine an duine a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla atá romhainn, amhail cailliúint gnáthóige, rialú tuilte, athrú aeráide, slándáil bia agus meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil. Is cineálacha éagsúla cur chuige iad caipiteal nádúrtha, bonneagar glas agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra lenar féidir linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil chun seirbhísí éiceachórais a sholáthar agus, ag an am céanna, cabhrú leis an dúlra a athbhunú agus a chosaint tríd ár n-oibríochtaí.

### Caipiteal nádúrtha

Is téarma eacnamaíoch é Caipiteal Nádúrtha a úsáidtear i gcomhthéacs an dúlra. Cuireann sé acmhainní an domhain amhail plandaí, ainmhithe, uisce agus mianraí i láthair mar shócmhainní nó stoic a thugann réimse sochar dúinn. Is féidir caipiteal nádúrtha a chur in iúl mar luach airgeadaíochta nó cáilíochtúil chun a chinneadh mar a bhaineann an dúlra leas as ár ngeilleagar agus ár sochaí. Is córas í Cuntasaíocht an Chaipitil Nádúrtha a eagraíonn faisnéis faoi shócmhainní caipitil nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais chun cabhrú le lucht cinnteoireachta tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an comhshaol leis an ngeilleagar. Déanann Caipiteal Nádúrtha Éireann taighde agus ullmhaíonn sé cuntais caipitil nádúrtha chun tacú le lucht déanta beartas agus úinéirí talún. Mar shampla, ina staid nádúrtha, feidhmíonn ár bportaigh agus ár mbogaigh i gContae an Chláir go nádúrtha chun méideanna ollmhóra uisce a shealbhú agus a stóráil, rud a laghdaíonn an brú a bhaineann le tuilte ar thalamh feirme agus ar bhailte agus sráidbhailte atá suite níos faide ar aghaidh sa dobharcheantar; tá buntáistí coigilte costais eacnamaíocha ag baint leis seo i dtéarmaí infheistíochta i scéimeanna faoisimh tuilte. Dá bhrí sin, is féidir tagairt dár gcuid bogach agus portach mar shócmhainn caipitil nádúrtha.



## Bonneagar Glas

Is líonra pleanáilte de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha é Bonneagar Glas a sholáthraíonn cáilíocht na beatha agus buntáistí comhshaoil do phobail trí oibriú i gcomhar leis an dúlra. Áirítear leis spásanna glasa (e.g. fálta sceach, teorainneacha crann, coillte, páirceanna) agus spásanna gorma (e.g. aibhneacha), chomh maith le gnéithe ar fud limistéir talún, cósta agus muirí. Is féidir le forbairt uirbeach, amhail bóithre agus tithíocht, gnáthóga a scoilteadh agus a roinnt, rud a mbíonn tionchar aici ar líonraí bonneagair ghlasa agus a laghdaíonn an bhithéagsúlacht. I measc samplaí de chomhtháthú na bithéagsúlachta sa timpeallacht thógtha tá bogaigh uirbeacha, díonta glasa, gairdíní báistí, sráid-dreacha (e.g. cosáin), crainn a chur agus gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint. I gceantair thuaithe, áirítear leis an mbonneagar glas maoláin bhruachánacha amhail crannteorainneacha feadh cainéil abhann, bogaigh nádúrtha agus conairí fiadhúlra amhail fálta sceach. Tá sé ríthábhachtach líonra bonneagair ghlasa láidir agus nasctha a chur chun cinn ar fud Chontae an Chláir chun nascacht a neartú le haghaidh gluaiseacht an fhiadhúlra.





## Réitigh atá bunaithe ar an dúlra

Feabhsaíonn, cothaíonn agus soláthraíonn réitigh atá bunaithe ar an dúlra seirbhísí éiceachórais a chabhraíonn  chun dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, athrú aeráide agus tuilte, agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Trí oibriú leis an dúlra agus gnáthóga amhail coillte, tailte fliucha, dumhcha gainimh, conairí bruachánacha agus spásanna glasa uirbeacha a chaomhnú, ní hamháin go gcosnaíonn na réitigh seo sinn; cuidíonn siad lenár bpobail oiriúnú do rioscaí méadaithe drochaimsire agus tuilte chomh maith. Trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chuimsiú inár gcleachtais oibre agus inár bpróisis chinnteoireachta, cuirtear feabhas ar an mbithéagsúlacht agus cuirtear folláine shóisialta agus eacnamaíoch chun cinn i réimse earnálacha i gContae an Chláir, lena n-áirítear forbairt, turasóireacht, caitheamh aimsire, talmhaíocht inbhuanaithe, maolú agus oiriúnú don athrú aeráide, oideachas agus taighde eolaíoch. Is sampla de réiteach atá bunaithe ar an dúlra é dumhach a athchóiriú agus a neartú trí mhuiríneach a phlandáil feadh an chósta, rud a chosnaíonn ár bpobail cois cósta ó éifeachtaí stoirmeacha a bhaineann le himeachtaí drochaimsire a bhaineann leis an athrú aeráide. Sampla eile de réitigh atá bunaithe ar an dúlra is ea bithchlaiseanna reatha agus gairdíní báistí i gceantair uirbeacha chun sceitheadh uisce dromchla a bhainistiú.

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Tugann Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, arna ghlacadh ag Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, treoirphlean comhroinnte dúinn don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéid. Ag croílár an tionscadail tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), ar glao práinneach iad ar ghníomhaíocht ó gach tír – idir thíortha forbartha agus thíortha i mbéal forbartha – i gcomhpháirtíocht dhomhanda. Aithníonn siad gur gá deireadh a chur le bochtaineacht agus le heasnaimh eile i gcomhar le straitéisí a fheabhsaíonn sláinte agus oideachas, a laghdaíonn éagothroime agus a spreagann fás eacnamaíoch, agus ag an am céanna dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus obair a dhéanamh chun ár n-aigéin agus ár bhforaoisí a chaomhnú le béim ar leith ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 15 - An Saol ar Talamh, Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 - An Saol Faoi Uisce agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 13 Gníomhú ar son na hAeráide. Tar éis di páirt a ghlacadh i gClár Churaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2023, feidhmíonn Comhairle Contae an Chláir anois mar Ambasadóir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ag cur le cur chun cinn, le hardú feasachta agus le cur i bhfeidhm na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Leanfaidh an Chomhairle ag obair chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú agus a leabú sna cláir agus sna beartais ar fud a stiúrthóireachtaí uile.





## Ionstraimí Reachtúla agus Beartais Straitéiseacha a threoraíonn an Plean

**Comhthéacs beartais**

Ó foilsíodh Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2017-2023 roimhe seo, tá dul chun cinn suntasach déanta i mbeartas bithéagsúlachta ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Leagann na beartais straitéiseacha seo béim ar an aitheantas atá ag fás ar an ngá atá le dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta. Mar údarás poiblí, tá freagracht thábhachtach ar Chomhairle Contae an Chláir a chinntiú go gcuireann a gníomhartha, a pleananna agus a beartais ar bhealach fónta le cosaint, athchóiriú agus bainistíocht inbhuanaithe na bithéagsúlachta. Trí na beartais seo a aithint i bPlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031, cinntítear gur féidir beartais straitéiseacha níos leithne a aistriú ina n-iarrachtaí caomhnaithe ar an leibhéal áitiúil, ag obair i gcomhpháirtíocht le pobail agus le páirtithe leasmhara ar fud an Chláir.  Tá ullmhú Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 treoraithe ag na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sna doiciméid agus sna beartais straitéiseacha seo a leanas, agus i gcomhréir leo:

- Coinbhinsiún na NA maidir leis an mBithéagsúlacht
- Straitéis AE um Bithéagsúlacht 2030
- Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN)
- An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023- 2030
- Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029
- Plean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030
- Plean Gníomhaíochta an Chláir ar son na hAeráide 2024-2029
- Plean Oiriúnaithe Earnála na Bithéagsúlachta don Athrú Aeráide (2019)
- Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028
- Plean Gníomhaíochta Uisce 2024
- Tionscadal Éireann 2040: An Creat Pleanála Náisiúnta
- Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt 2019-2031
- An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: Pleananna Freagartha Bagairtí agus Speicis Eachtrannacha Ionracha

Tá achoimre déanta ar na doiciméid beartais straitéisigh thuasluaite in Aguisín 2.

**Coinbhinsiún na NA maidir leis an mBithéagsúlacht**

Déanann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht agus na cinntí a ghlacann na páirtithe go comhchoiteann ag cruinnithe leathbhliantúla – Comhdháil na

bPáirtithe (COPanna) – creat dlíthiúil domhanda a sholáthar le haghaidh gníomhartha chun an domhan nádúrtha a chosaint ar mhaithe le beatha uile an Domhain. Is iad príomhaidhmeanna an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht ná:

- caomhnú na bithéagsúlachta,
- úsáid inbhuanaithe a chomhpháirteanna agus
- comhroinnt chóir agus chothromasach na sochar a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha.

An phríomh-mheicníocht trína gcuireann Éire an comhaontú domhanda seo i bhfeidhm ná trí Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Coinbhinsiún ar Fhís na Bithéagsúlachta

> *Faoi 2050, léirítear meas ar an mbithéagsúlacht, beidh sí caomhnaithe agus athchóirithe agus á húsáid go stuama, rud a chothóidh seirbhísí éiceachórais agus pláinéad sláintiúil agus a sholáthróidh sochair atá riachtanach do* chách.

**Comhthéacs reachtach**

Mar údarás áitiúil, tá oibleagáid agus freagracht dhlíthiúil ar Chomhairle Contae an Chláir cloí leis na hionstraimí reachtúla ábhartha maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint ina hoibríochtaí agus ina nósanna imeachta laethúla. Áirítear leis seo cloí le hionstraimí reachtúla, lena n-áirítear Treoir an AE maidir le Gnáthóga agus Treoir an AE maidir le hÉin a trasuíodh i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (arna leasú), Acht Fiadhúlra na hÉireann (arna leasú), Ordú um Flora (Cosaint) 2015 agus an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú). Cinnteoidh an Chomhairle go ndéanfar breithnithe bithéagsúlachta a chomhtháthú i bpleanáil úsáide talún, i gcúram talún poiblí agus i bhforbairt inbhuanaithe trí ghnáthóga agus speicis faoi chosaint a chaomhnú agus trí rannchuidiú le spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta. Tá ullmhú Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 ag teacht leis na hionstraimí reachtúla seo a leanas:

- Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle)
- Treoir AE maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE)
- Dlí Athchóirithe Dúlra an AE 2024
- An tAcht um Fhiadhúlra 1976 go 2023 (arna leasú)
- An tOrdú um Flora (Cosaint) 2015
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
- An Treoir Réime Uisce (Treoir 2000/60/CE)
- Treoir 2001/42/CE maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil
- Treoir 2014/52/AE maidir le Measúnú Tionchair Comhshaoil

Tá achoimre déanta ar na hionstraimí reachtúla thuasluaite in Aguisín 3.

**Dlí an AE um Athbhunú an Dúlra**

Glacadh leis an Dlí um Athbhunú an Dúlra i gComhairle an Aontais Eorpaigh in 2024 agus is píosa reachtaíochta suntasach é a mbeidh tionchar suntasach aige ar iarrachtaí caomhnaithe na bithéagsúlachta in Éirinn. Is gné lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de Straitéis Bithéagsúlachta an AE an dlí seo. Leagtar amach ann spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun 20% ar a laghad de limistéir thalún agus farraige an AE a athchóiriú faoi 2030, agus gach éiceachóras a bhfuil gá lena athchóiriú faoi 2050. Is é a phríomhchuspóir ná éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú ar fud an AE, ag díriú ar na cinn a bhfuil an acmhainneacht is airde acu chun carbóin a ghabháil agus a stóráil agus tionchar tubaistí nádúrtha a laghdú (e.g. Portaigh, foraoisí, aibhneacha).





## Láithreáin Caomhnaithe an Dúlra i gContae an Chláir

Tá níos mó ná 20% de Chontae an Chláir ainmnithe do chaomhantas an dúlra, le 47 láithreán Natura 2000 sa chontae, lena n-áirítear 37 Limistéar Caomhnaithe Speisialta (SACanna) agus 10 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SPAnna), a chruthaíonn 'líonra Natura 2000' le chéile, ar a dtugtar 'láithreáin Eorpacha' uaireanta. Faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, tá líonraí de láithreáin a mbaineann tábhacht leo ó thaobh chaomhnú an dúlra de sainaitheanta ag gach ballstát mar láithreáin ina bhfuil gnáthóga nó speicis shonraithe nach mór a chothabháil nó a thabhairt ar ais go "stádas fabhrach caomhnaithe". Tá na láithreáin seo tábhachtach ar an leibhéal Eorpach, agus is cuid iad de líonra caomhnaithe uile-Eorpach ar a dtugtar 'líonra Natura 2000'. Tá liosta iomlán de na láithreáin ainmnithe atá le fáil i gContae an Chláir le fáil in Aguisín 4.




- 37 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SACnna)
- 10 Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPAnna)
- 13 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna)
- 61 Limistéar Beartaithe Oidhreachta Nádúrtha (pNHAnna)
- 4 Anaclann Dúlra
- 2 Láithreán Ramsar
- 1 Pháirc Náisiúnta
- 5 Tearmann Éanlaithe Fiáine

- 1 Láithreán OSPAR (Limistéar Muirí faoi Chosaint)

**Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACnna)**

Ainmnítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACnna) mar gheall ar láithreacht gnáthóg agus/nó speiceas a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo atá liostaithe faoi Aguisín I agus Aguisín II de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus atá cosanta go dlíthiúil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (arna leasú). Tagann oibreacha a bhfuil an cumas acu tionchar a imirt ar Leasanna Cáilitheacha Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta faoi réir ceanglais Measúnachta Cuí i gcomhréir le ceanglais Airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Tá 37 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta i gContae an Chláir. Rangaítear cuid de na láithreáin seo mar gheall ar láithreacht gnáthóige nó speicis amháin, amhail an Chrú-Ialtóg Bheag, Leas Cáilitheach de chuid Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Theach Bhaile Uí Shlatara. Tá roinnt mhaith Leasanna Cáilitheacha i Limistéir eile faoi Chaomhnú Speisialta amhail an tSionainn Íochtarach, arna hainmniú do 14 ghnáthóg agus seacht speiceas.



**Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna)**

Tá Éire faoi oibleagáid dhlíthiúil faoin Treoir an AE maidir le hÉin (2009/147/CE) Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) a ainmniú chun na nithe seo a leanas a chosaint:

- speicis éan neamhchoitianta agus leochaileacha atá liostaithe,
- speicis éan imirceach a bhíonn le feiceáil go rialta agus
- bogaigh, go háirithe iad siúd a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo.

Is é cuspóir líonra na Limistéar faoi Chosaint Speisialta éin phórúcháin agus éin imirceacha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a chosaint. I measc na limistéar faoi chosaint speisialta

(SPA) tá go leor gnáthóga bogaigh. Beidh liosta amháin nó níos mó de 'Leasanna Speisialta Caomhnaithe' ag gach Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is gnách go mbíonn éin agus uaireanta bogaigh iontu seo. Tá 10 Limistéar faoi Chosaint Speisialta i gContae an Chláir ina bhfuil go leor speiceas éan, idir éin mhara amhail an Fhoracha agus an Saidhbhéir go héin chreiche, lena n-áirítear Préachán na gCearc agus an Meirliún.



**Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta**

Déanann an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 foráil dhlíthiúil maidir le líonra náisiúnta de Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a ainmniú agus a chosaint. Tá na limistéir seo tábhachtach mar ghnáthóga agus i gcásanna áirithe do speicis plandaí agus ainmhithe a bhfuil tábhacht chaomhnaithe ag baint leo agus a bhfuil gá lena ngnáthóg a chosaint. Tá 13 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha san iomlán i gContae an Chláir agus is portaigh ardaithe agus bratphortaigh formhór na láithreáin ainmnithe (e.g. Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Phortach Sléibhe Shliabh Chathláin). Chomh maith leis na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a bhfuil cosaint iomlán dhlíthiúil acu, tá 61 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta eile a foilsíodh ar bhonn neamhreachtúil i 1995 ach nár moladh ná nár ainmníodh go reachtúil iad ó shin. Tá na láithreáin seo suntasach don fhiadhúlra agus mar ghnáthóga.

**Páirc Náisiúnta**

Tá ocht bPáirc Náisiúnta in Éirinn, agus tá ceann díobh i gContae an Chláir: Páirc Náisiúnta Bhoirne. Tá an limistéar uathúil seo in Éirinn cáiliúil as a ghnáthóg aolchloiche carstacha agus mar acmhainn gheolaíoch. Is féidir breis is 70% de speicis dhúchasacha flóra na hÉireann a fháil i mBoirinn. Is é an tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN) a leagann amach critéir agus caighdeáin do Pháirceanna Náisiúnta. Chomhaontaigh rialtas na hÉireann, i measc téarmaí eile, céimeanna a ghlacadh chun saothrú féideartha i bPáirceanna Náisiúnta a chosc nó a dhíothú.

**Anaclanna Dúlra**

Is limistéir thábhachtacha don fhiadhúlra iad Anaclanna Dúlra in Éirinn agus iad á gcosaint faoi ordú aireachta. Is leis an stát an chuid is mó díobh; ach is le húinéirí talún príobháideacha nó le heagraíochtaí eile cuid acu. Tá ceithre anaclann dúlra i gContae an Chláir: Baile Uí Thaidhg, Drom Mór, Caolchoille (Sliabh Cairn) agus Cathair Mhurchú. Ba cheart aon oibreacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Anaclann Dúlra a mheasúnú i Measúnacht Tionchair Chomhshaoil nó i Measúnacht Tionchair Éiceolaíoch.



**Tearmann Éanlaithe Fiáine**

Úsáidtear Tearmainn Éanlaithe Fiáine chun lachain, géanna agus speicis áirithe d'éin lapaire (e.g. an Lacha Rua, an Cadhan, an Fheadóg Bhuí, an Pilibín) a chosaint ón bhfiach, agus is minic a bhíonn a ngnáthóga ag forluí le hainmniúchán éigin eile. e.g. Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), áfach. Tá cúig Thearmann Éanlaithe Fiáine i gContae an Chláir: Loch Bhaile Uí Áille, Oileán an Bhanna, Oileán Caorach, Loch Thulaigh Thoir agus cuid d'Abhainn Eidhneach. Is limistéir iad na tearmainn seo atá eisiata ón 'Ordú Séasúr Oscailte' ionas gur féidir le héanlaith ghéim scíth a ligean agus beathú gan cur isteach.



**Láithreáin Ramsar**

Is limistéar é Láithreán Ramsar a ainmnítear chun bogaigh a chaomhnú d'éanlaith uisce. Shínigh Éire Coinbhinsiún Ramsar in 2003. Meastar go bhfuil tábhacht agus suntas idirnáisiúnta ag baint le bogaigh a roghnaíodh mar láithreáin Ramsar. Níl cosaint dhlíthiúil ag láithreáin Ramsar faoi reachtaíocht na hÉireann; is gnách go mbíonn siad ag forluí le Limistéir faoi Chosaint Speisialta nó le hAnaclanna Dúlra atá faoi chosaint dhlíthiúil, áfach. I gContae an Chláir, is láithreáin Ramsar iad Loch Bhaile Uí Áille agus Cuan na Gaillimhe Laistigh agus tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo.

**Láithreán OSPAR**

Faoi Choinbhinsiún OSPAR chun Muirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh a Chosaint, gheall Éire limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú chun bithéagsúlacht a chosaint: Limistéir Muirí faoi Chosaint OSPAR. Níl aon reachtaíocht in úsáid in Éirinn faoi láthair chun bunús dlíthiúil a thabhairt do na limistéir chosanta seo a bunaíodh chun gealltanais faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Bhunaigh Éire roinnt dá SACnna mar Limistéir Mhara faoi Chosaint OSPAR do ghnáthóga muirí. Tá an Limistéar Muirí Coimpléasc Chuan na Gaillimhe le fáil feadh cósta thuaidh Chontae an Chláir.





## Bagairtí agus Dúshláin don Bhithéagsúlacht

Tá bithéagsúlacht ag dul i laghad ar fud an domhain ar rátaí nach bhfacthas riamh roimhe seo. I mí na Bealtaine 2019, d'fhógair Dáil Éireann 'éigeandáil bithéagsúlachta', rud a fhágann gurb í Éire an dara tír a rinne é sin. Lean sé seo foilsiú mheasúnacht domhanda an Phainéil Idir-Rialtasach um Bithéagsúlacht agus um Sheirbhís Éiceachórais (IPBES) ar staid bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais an domhain. Tugann IPBES rabhadh faoi dhíothú speiceas a luasghéarú le tionchair thromchúiseacha ar dhaoine ar fud an domhain. Níl Contae an Chláir díolmhaithe ó éifeachtaí na cailliúna bithéagsúlachta. I measc na gcúiseanna a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta, tá cailliúint gnáthóige, ilroinnt gnáthóg, athrú aeráide, truailliú, lotnaidicídí, suaitheadh, draenáil, ró-innilt, truailliú solais, speicis ionracha, tréigean talún, caitheamh aimsire, dumpáil mhídhleathach agus forbairt mhíchuí. Is samplaí iad an tionsclaíocht, diansaothrú talmhaíochta, cleachtais foraoiseachta tráchtála stairiúla agus oibríochtaí neamhcheadúnaithe a chuir le meath na bithéagsúlachta le blianta beaga anuas.



**Caillteanas gnáthóige**

Tá réimse leathan gnáthóg i gContae an Chláir, lena n-áirítear bogaigh, coillte dúchasacha, uiscebhealaí, inbhir, féarthalamh, fálta sceach, teorainneacha crann, ballaí cloiche, cosáin aolchloiche agus gnáthóga cois cósta, lena n-áirítear riasca salainn, dumhcha gainimh agus aillte farraige. In ainneoin na hacmhainne oidhreachta nádúrtha seo, tá cailliúint gnáthóige ina bagairt ar na héiceachórais nádúrtha seo i gcónaí. Is féidir le leathnú uirbeach, bonneagar, foraoiseacht, diansaothrú talmhaíochta, eastóscadh móna, mianadóireacht, turasóireacht agus áineas drochthionchar a imirt ar ár ngnáthóga mura ndéantar ar bhealach inbhuanaithe iad. Imríodh tionchar ar leith ar phortaigh, fraochmhánna, fálta sceach agus crannteorainneacha, rud a chuir isteach ar na héin, na mamaigh, na

feithidí agus na hamfaibiaigh a bhíonn ag brath orthu. I measc cuid de na príomhbhagairtí a eascraíonn i gcailliúint gnáthóige tá draenáil, truailliú, dumpáil, speicis ionracha, forbairt, saibhriú cothaitheach, ró-innilt, tréigean talún agus athrú aeráide. Tá suirbhéanna coimisiúnaithe ag Comhairle Contae an Chláir chun riocht gnáthóg agus speiceas a mheas trí staidéir éagsúla amhail Suirbhéanna Bogach Chontae an Chláir, Suirbhé ar Ghabhláin Ghaoithe an Chláir,

Suirbhé ar Scréachóg Reilige an Chláir, Suirbhé ar Fhlóra faoi Chosaint i mBoirinn, Pleananna Caomhnaithe Bithéagsúlachta do Láithreáin Cheann Scríbe do Chuairteoirí, Staidéir Circuitscape na nIaltóg agus Suirbhé ar Úsáid Éan Uisce Inbhir na Sionainne-an Fhorghais.





*Tá an dúlra ag dul i léig ar fud an domhain ar rátaí nach bhfacthas a leithéid riamh i stair an chine dhaonna agus tá ráta díothaithe speiceas ag luasghéarú, agus tionchar tromchúiseach aige seo ar dhaoine ar fud an domhain* – An tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES).

**Ilroinnt gnáthóg agus cailliúint conairí fiadhúlra**

Nuair a ilroinntear gnáthóga móra leanúnacha ina bpíosaí beaga iargúlta, cuirtear isteach ar ghluaiseacht speiceas sa tírdhreach agus cruthaítear bacainní ar nascacht. Féadann sé seo difear a dhéanamh do chonairí éiceolaíocha amhail teorainneacha crann agus fálta sceach, agus do phatrúin nádúrtha beathaithe éan, ialtóga agus mamaigh eile agus iad ag cuardach bia. Is gnách nach dtacaíonn paistí gnáthóige níos lú le daonraí speiceas inmharthana. Mar shampla, déanann an Chrú-Ialtóg Bheag, speiceas dúchasach do Chontae an Chláir, beathú laistigh de 2.5 km ó láithreáin neadaithe agus braitheann sí ar fhálta sceach, crannteorainneacha agus coillte slána. Is féidir le scéimeanna bóthair agus soilsiú saorga cur isteach ar ghníomhaíocht ialtóg agus bac a chur ar chonairí éiceolaíocha. Baineann ilroinnt gnáthóg le forbairt uirbeach, scéimeanna bóithre, línte cumhachta, soilsiú saorga, bacainní éisc, diansaothrú talmhaíochta agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Tá Comhairle Contae an Chláir i mbun staidéir deisce agus staidéir GIS chun conairí éiceolaíocha i gceantair uirbeacha a mhapáil agus sainaithint a dhéanamh ar bhacainní ar nascacht chun eolas a chur ar fáil do straitéisí um an mBonneagar Glas.




**Solas saorga san oíche (ALAN)**

Bíonn tionchar ag solas saorga i gContae an Chláir ar fheithidí, éin, mamaigh, lena n-áirítear ialtóga, agus speicis uisceacha. Is féidir le soilsiú feadh bóithre agus fálta sceach gníomhú mar bhacainní i gceantair íogaire a thacaíonn le hialtóga, cur isteach ar éin atá ar an bhfara agus ar phórú, mearbhall a chur ar éin imirceacha, cur isteach ar éiceolaíocht ialtóga agus feithidí, agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí beathú mamaigh oíche, rud a théann i bhfeidhm ar chaidrimh

creachadóirí agus creiche. Caithfidh tionscadail atá faoi stiúir forbróirí measúnú cúramach a dhéanamh ar riachtanais soilsithe, go háirithe in aice le conairí éiceolaíocha amhail fálta sceach, crannteorainneacha agus sruthchúrsaí. Tá sé tábhachtach plé a dhéanamh ar chúrsaí soilsiú saorga go luath i gcéim deartha tionscadail (e.g. soilse a chumhdach chun doirteadh solais a rialú, braiteoirí gluaisne a úsáid, conairí éiceolaíocha dorcha a sheachaint, soilse teolaí ó thaobh datha de a úsáid ag Kelvin cuí). Is tionscnamh é 'Spéartha Dorcha' a chuireann feasacht chun cinn maidir le truailliú solais agus a spreagann cleachtais soilsithe freagracha in Éirinn.



**Truailliú**

Bíonn tionchar suntasach ag truailliú ar bhithéagsúlacht i gContae an Chláir mar téann sé i bhfeidhm ar ár n-éiceachórais nádúrtha, ar ár speicis agus ar ár ngnáthóga. Is féidir le truailliú difear a dhéanamh don aer, don uisce agus don ithir. Bagraíonn cáilíocht an uisce atá ag dul i laghad ó phoncfhoinsí agus ó fhoinsí scaipthe an saol uisceach, lena n-áirítear speicis ar speicis tháscacha iad ar shláinte abhann, e.g. Cuileanna Bhealtaine, Cuileanna Cloch agus Cuileanna Cadáin. Imríonn sé seo tionchar ar speicis níos faide suas an slabhra bia amhail an Dobharchú, éisc, amfaibiaigh agus fiú speicis éan speisialaithe abhann, amhail an Murlach Mara, an Ghlasóg Liath agus an Gabha Dubh. Is féidir le cailliúint ithreach ó oibreacha insrutha agus sileadh damáiste a dhéanamh do chlaiseanna sceathraí a úsáideann Bradán agus is féidir leis tionchar a imirt ar dhaonraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce. Is féidir le truailliú cothaitheach (fosfar, nítrigin, amóinia) ó thalmhaíocht, foraoiseacht agus gníomhaíocht thionsclaíoch stádas cáilíochta uisce sruthchúrsaí nádúrtha a

ísliú. Is féidir le réitigh atá bunaithe ar an dúlra amhail crainn a chur feadh conairí abhann nó imill mhaolánacha a chruthú maolú a dhéanamh ar sceitheadh truailleán a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine laistigh de chórais dobharcheantair.



**Forbairt agus Bithéagsúlacht**

Is féidir tionchar diúltach a bheith ag an bhforbairt ar an mbithéagsúlacht trí ghnáthóga nádúrtha a athrú, cur isteach ar éiceachórais agus marthanacht speiceas a bhagairt. I measc na samplaí, tá crannteorainneacha a bhaint le haghaidh forbairtí tithíochta, oibreacha forbartha a dhéanamh i ngnáthóga neamhchoitianta, cur isteach ar neadacha ialtóg agus soilsiú saorga a chur in aice le conairí abhann, fálta sceach agus crannteorainneacha. Tá sé tábhachtach go gcuimsítear i dtograí forbartha bearta a bhfuil sé mar aidhm acu tionchair dhiúltacha a mhaolú agus bithéagsúlacht atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú trí Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíocha, Tuarascálacha Measúnachta Tionchair Chomhshaoil (EIARanna), Ráitis Tionchair Natura agus Pleananna Bainistíochta Gnáthóg a ullmhú. Is cur chuige réasúnta nua é ‘Glanghnóthachan Bithéagsúlachta’ a spreagann tograí forbartha chun gnáthóga agus speicis a fhágáil i riocht níos fearr ná riamh, rud a thacaíonn le caomhnú fadtéarmach.



**Suaitheadh agus díláithriú**

Nuair a chuireann gníomhaíochtaí a bhaineann leis an duine isteach ar éiceachórais nádúrtha agus nuair a bhíonn siad ina gcúis le hilroinnt gnáthóg, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhiadhúlra athlonnú go limistéir a bhfuil níos lú acmhainní iontu nó limistéir lena mbaineann cúinsí nach bhfuil chomh hoiriúnach sin. Is féidir leis an díláithriú seo meath a chur ar dhaonraí ár bhfiadhúlra agus laghdú ar éagsúlacht ghéiniteach. Féadfaidh suaitheadh a bheith sealadach nó gearrthéarmach, amhail torann tógála, nó fadtéarmach, amhail solas saorga ar ghnáthóga leathnádúrtha, rud a chuireann isteach ar éin ar an bhfara. Is féidir le líon méadaithe cuairteoirí chuig láithreacha ceann scríbe coitianta cur isteach ar éin neadaithe cois cósta amhail an Préachán Cos Dearg agus an Saidhbhéar agus iad a dhíbirt, agus is féidir le tuilsoilse ó shaoráidí spóirt difear a dhéanamh d'ialtóga. Mar thoradh air sin, bíonn ar an bhfiadhúlra dua a chaitheamh ag bogadh amach ó fhoinse an chur isteach, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rátaí rathúlachta atáirgthe, cur isteach ar thimthriallta saoil agus cur leis an iomaíocht ar bhia agus ar acmhainní a tharlaíonn mar thoradh air sin go léir. Tá luathshuirbhéanna eolaíocha riachtanach chun bonn eolais a chur leis an bpleanáil don fhorbairt inbhuanaithe. Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le ceann de na suirbhéanna éan uisce is cuimsithí in Éirinn a rinneadh in Inbhear na Sionainne (2017–2018), chun treoir a thabhairt do phleanáil straitéiseach trí mheasúnuithe éiceolaíocha bunaithe ar fhianaise i Limistéir faoi Chosaint Speisialta Inbhear na Sionainne agus Inbhear an Fhorghais.



**Lotnaidicídí**

D’fhéadfadh lotnaidicídí tionchar suntasach a imirt ar an mbithéagsúlacht. Nuair a chuirtear lotnaidicídí ar bharra nó ar thírdhreacha, ní hamháin gur féidir leo an sprioclotnaid a mharú ach d’fhéadfaidís orgánaigh thairbheacha amhail beacha, féileacáin agus pailneoirí eile a mharú chomh maith. Tá pailneoirí riachtanach d’atáirgeadh plandaí agus sláinte ár n-éiceachóras. Meastar gurb é €153 billiún luach bliantúil pailneoirí do bharra bia an duine ar fud an domhain, agus €53 milliún ar a laghad i bPoblacht na hÉireann. Mar sin féin, tá laghdú suntasach tagtha ar níos mó ná leath de 97 speiceas dúchasach de bheacha na hÉireann ó 1980 i leith, agus tá aon trian de na speicis i mbaol díothaithe anois. Is féidir le lotnaidicídí carnadh sa slabhra bia freisin agus damáiste fadtéarmach a dhéanamh do shláinte na hithreach agus do mhiocrorgánaigh ithreach. I dtimpeallachtaí uisceacha, is féidir le rith chun srutha ó lotnaidicídí a úsáidtear i ngoirt agus i gceantair uirbeacha aibhneacha agus lochanna a thruailliú, rud a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce agus ar an saol uisceach.

**Draenáil**

Is féidir le draenáil tionchar suntasach a imirt ar ghnáthóga i mbogaigh amhail portaigh, riasca, corcaigh ghiolcaí, idirbhogaigh, turlaigh, eanaigh agus fearthalamh fhliuch. Tá draenáil aitheanta ag Suirbhéanna Allamuigh ar Bhogaigh an Chláir mar bhrú comhshaoil i mbeagnach gach bogach ar a ndearnadh suirbhé. Is féidir é seo a nascadh le gníomhaíochtaí a bhaineann le hoibreacha feabhsúcháin talmhaíochta, foraoiseacht tráchtála,

baint móna agus forbairt. Mar shampla, nuair a athraítear hidreolaíocht éiceachóras bogach, d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar chaonach a fhoirmíonn móin, amfaibiaigh agus speicis éan atá spleách ar bhogaigh amhail an Cuirliúin a bhraitheann ar ard-mhaoschlár chun fanacht beo. Nuair a thriomaíonn ár bportaigh amach, scaoiltear carbón agus díghrádaítear an ghnáthóg. Tá níos lú ná 1% den ghnáthóg AE a rangaítear mar 'phortach ardaithe gníomhach' in Éirinn anois. Tá sé mar aidhm ag iarrachtaí athchóirithe i gContae an Chláir, amhail Tionscadal EIP Phortach na Seanchoille agus Tionscadal Athfhliuchta Phortach Chnoc na hUille, tionchair na draenála a aisiompú trí ghnáthóga bogaigh a athfhliuchadh.



**Athrú aeráide**

Is féidir le hathrú aeráide tionchar díreach agus indíreach araon a bheith aige ar ár mbithéagsúlacht, ag athrú dáileadh speiceas, flúirse, struchtúr gnáthóige agus feidhmeanna éiceachórais. Is féidir le roinnt speiceas freagairt d'athruithe sa chomhshaol mura n-oireann na dálaí áitiúla; ní bhíonn sé chomh éasca sin do speicis eile oiriúnú do chúinsí athraitheacha, áfach. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh speicis nach féidir leo freagairt tapa go leor do ráta an athraithe aeráide (e.g. mar gheall ar dhroch-acmhainn scaipthe) dul in éag go háitiúil. Tá ról tábhachtach ag an teocht i dtimthriall nádúrtha speiceas plandaí – a séasúr fáis, a gcuid torthaí a tháirgeadh agus daonraí a chothabháil ag an am ceart den bhliain. Is féidir le hathruithe teochta tionchar a imirt ní hamháin ar na timthriallta plandaí seo ach ar éiceachórais mhuirí iomlána, ag cur isteach ar ghréasáin bhia agus ar uainiú atáirgthe. Is féidir le himeachtaí drochaimsire amhail borradh stoirme tionchar a imirt ar ár ngnáthóga dumhcha gainimh amhail an Limistéar faoi Chosaint Speisialta, Dumhcha na Ceathrún Móire, agus d'fhéadfadh 'logán séidte' agus fiú titim dumhcha tarlú. Bíonn tionchar aige

seo ar na seirbhísí éiceachórais nádúrtha a thugann dumhcha gainimh dúinn (i.e. cosaint cósta), agus bíonn cailliúint gnáthóige agus cailliúint speiceas mar thoradh air chomh maith. Lagaíonn an t-athrú aeráide teacht aniar an éiceachórais freisin agus laghdaíonn sé seirbhísí amhail rialú tuilte agus ceapadh carbóin. I dteannta cailliúint gnáthóige, speicis ionracha agus bainistíocht neamh-inbhuanaithe úsáide talún, tá deacracht mhéadaitheach roimh an mbithéagsúlacht oiriúnú do thimpeallacht aeráide atá ag athrú.



**Speicis ionracha**

Is bagairt mhór d'éiceachórais Chontae an Chláir iad speicis ionracha, a thug daoine isteach d'aon ghnó nó de thaisme, toisc go scaipeann siad go tapa agus go sáraíonn siad speicis dhúchasacha. I measc na speiceas coimhthíocha ionracha coitianta tá an Feabhrán Seapánach, an Ródaidéindrón, an Balsam Himiléach, an Feabhrán Mór agus an Diúilicín Riabhach. Is minic a bhíonn tabhairt isteach agus scaipeadh speiceas ionrach mar thoradh ar ghluaiseacht ithreach, ithir a allmhairiú, dramhaíl gairdín a dhumpáil, gníomhaíochtaí bádóireachta agus áineasa, bearradh fálta, oibreacha láithreáin agus mainneachtain bithshlándáil a chur i bhfeidhm. Chun dul i ngleic leis seo, tá bearta bithshlándála amhail trealamh a ghlanadh agus ithir allmhairithe a sheiceáil riachtanach. Trí ról an Oifigigh Bithéagsúlachta, thacaigh Comhairle Contae an Chláir le cúrsaí oiliúna atá dírithe ar bhaill foirne agus ar chonraitheoirí chun speicis choimhthíocha ionracha a aithint agus a bhainistiú agus bithshlándáil chuí (Seiceáil-Glan-Triomaigh) a chur i bhfeidhm; ina theannta sin, choimisiúnaigh sí suirbhéanna agus cláir chóireála agus díothaithe, agus thacaigh sí le tionscadail taighde, lena n-áirítear

'Monatóireacht ar an Diúilicín Cuaga i gCóras Abhainn na Sionainne'.



**Tréigean talún**

Tá laghdú tagtha ar éagsúlacht gnáthóg mar gheall ar mheath na gcleachtas feirmeoireachta traidisiúnta i gContae an Chláir, go háirithe féarthalamh chailcreacha leathnádúrtha agus cosáin aolchloiche, atá díghrádaithe nó caillte anois mar gheall ar easpa bainistíochta. I mBoirinn, tá scrobarnach choill ag teacht

in áit féarthalamh atá saibhir ó thaobh speiceas de níos mó agus níos mó. Tá gnáthóga féarthalún neamhchoitianta amhail féarthalamh Molinia i mbaol mar gheall ar fhoraoisiú agus laghdú ar innilt araon, rud a ligeann d'Aiteann agus Saileach dul san iomaíocht le gnáthóga féarthalún neamhchoitianta a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo. Braitheann éiceachórais féarthalún leathnádúrtha ar chórais bhainistíochta innilte ísealdéine chun a struchtúr a choinneáil. Is féidir le scéimeanna talmhaíochta agus comhshaoil tacú le bithéagsúlacht trí íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí. Tá athruithe stairiúla ar úsáid talún, amhail scéimeanna foraoisithe, tar éis gnáthóga leathnádúrtha a dhíláithriú tuilleadh, rud a chuireann bagairt ar speicis éan atá ar an liosta dearg lena n-áirítear an Riabhóg Mhóna agus an Naoscach, inveirteabraigh amhail an Fritileán Réisc agus plandaí neamhchoitianta faoi chosaint a bhraitheann ar chleachtais feirmeoireachta traidisiúnta.



**Caitheamh Aimsire agus taitneamhacht**

Is féidir le satailt de shiúl na gcos nó de thrácht damáiste a dhéanamh do ghnáthóga leochaileacha amhail portaigh, aillte farraige agus éiceachórais charstacha a thacaíonn le flóra neamhchoitianta. D'fhéadfadh turasóireacht lasmuigh cur isteach ar an bhfiadhúlra, go háirithe éin atá ag neadú, agus d'fhéadfadh sí díghrádú gnáthóige a bheith mar thoradh uirthi. Is féidir le bonneagar áineasa amhail cosáin, carrchlóis agus ionaid chuairteoirí gnáthóga a scoilteadh agus conairí fiadhúlra a bhagairt. D'fhéadfadh speicis ionracha amhail an Dúilicín Cuaga agus an Diúilicín Riabhach i Loch Deirgeirt scaipeadh trí ghníomhaíochtaí bádóireachta, rud a chuirfeadh bagairt ar ár mbithéagsúlacht dhúchasach mura gcuirtear bearta bithshlándála iomchuí i bhfeidhm. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhaíochtaí áineasa agus iarrachtaí caomhnaithe, ní mór cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm,

teorainneacha a shocrú ar líon na gcuairteoirí agus a chinntiú go ndéantar cothabháil chuí ar spásanna áineasa chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Is féidir le Pleananna Bainistíochta Cuairteoirí do chinn scríbe cois cósta a bhfuil tóir orthu cabhrú le tionchar ar shuíomhanna ainmnithe, mar shampla, agus ar ghabhdóirí éiceolaíocha íogaire a laghdú.



**Oideachas agus feasacht**

Is minic a fhéachtar ar an mbithéagsúlacht ag leibhéal na speiceas agus na ngnáthóg, agus ar an gcaoi sin, déantar neamhaird de na caidrimh, na hidirghníomhaíochtaí agus na próisis ríthábhachtacha a chruthaíonn éiceachóras. Is féidir le heaspa tuisceana agus feasachta deacrachtaí a chruthú agus treoirlínte dea-chleachtais á gcur chun cinn maidir le bainistíocht agus caomhnú na bithéagsúlachta. Tá sé tábhachtach oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne Chomhairle Contae an Chláir agus do chonraitheoirí seachtracha i mbainistíocht phríomhfheidhmeanna na Comhairle, lena n-áirítear forbairt inbhuanaithe, bainistíocht fálta sceach agus speiceas ionrach agus bithshlándáil. Tá imeachtaí oiliúna i gcomhar le pobail áitiúla agus úinéirí talún tábhachtach chun scileanna pobail, feirmeoirí agus daoine aonair a fheabhsú maidir le dea-chleachtais chun an bhithéagsúlacht a bhainistiú.



**Dumpáil mhídhleathach agus bruscar**

Cé go mbaineann impleachtaí sóisialta, eacnamaíocha, sláinte agus aeistéitiúla níos leithne le dumpáil mhídhleathach agus bruscar, bíonn tionchar acu ar an bhfiadhúlra chomh maith. Sáraíonn na gníomhaíochtaí seo ceanglais an Achta Dramhaíola agus is féidir go mbeadh scaoileadh miotail thocsaineacha sna gnáthóga nádúrtha a ghlacann leo, e.g. sruthchúrsaí, nó líonadh isteach bogach mar thoradh orthu.



## Éiceachórais Chontae an Chláir

Léirítear an bhithéagsúlacht shaibhir atá i gContae an Chláir sa líon mór suíomhanna ainmnithe reachtúla, mar aon le hAcmhainní Dúlra, Páirc Náisiúnta, Tearmainn Éanlaithe Fiáine agus Suíomhanna Ramsar ar fud an chontae. Mar gheall ar a shuíomh geografach in iarthar na hÉireann, tacaíonn Co. an Chláir le raon éagsúil éiceachóras amhail éiceachórais aolchloiche, bogaigh, féarthalamh, éiceachórais mhuirí agus cois cósta, coillte, fionnuisce, crannteorainneacha agus fálta sceach, agus fiú an bhithéagsúlacht sa timpeallacht thógtha. Braithfidh cosaint bhithéagsúlacht Chontae an Chláir amach anseo ar fheasacht, oideachas agus comhoibriú le páirtithe leasmhara.

**Éiceachórais bogach agus portach**

Tacaíonn Contae an Chláir le raon éagsúil gnáthóg bogach. Áirítear leis seo lochanna fionnuisce ar nós Loch Deirgeirt agus Loch Inse Uí Chuinn, riasca goirt agus corcaigh ghiolcaí feadh Inbhear na Sionainne, na turlaigh i mBoirinn, portaigh ardaithe agus bratphortaigh ar ardtailte, idirbhogaigh, eanaigh, corcach, riasca fionnuisce, murlaigh agus locháin scaipthe ar fud an chontae. Creidtear gurbh ionann achar bunaidh na mbogach i gContae an Chláir agus 27%; tá an figiúr níos lú ná sin anois, áfach, mar gheall ar athruithe stairiúla agus reatha ó thaobh bainistíocht na húsáide talún. Feidhmíonn líonra fairsing na mbogach i gContae an Chláir mar thearmann fiadhúlra tábhachtach dár bhflóra agus dár bhfána agus feidhmíonn sé mar acmhainn a chosnaíonn ár bpobail áitiúla trí sheirbhísí éiceachórais a sholáthar. Tá cineálacha eile gnáthóg bogach i gCo. an Chláir chomh maith, amhail taiscumair, féarthalamh fhliuch, coillte gláracha fliucha, inbhir, aibhneacha agus tuilemhánna. Meastar go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint le go leor díobh seo, lena n-áirítear SPA Loch Bhaile Uí Áille ó thuaidh d'Inis agus SAC Portach agus Loch Thulaigh Thoir atá suite in aice leis an Dún Beag in Iarthar an Chláir. Soláthraíonn Coinbhinsiún Ramsar an creat chun bogaigh agus a n-acmhainní a chaomhnú agus a úsáid go ciallmhar.

Tá speicis a bhraitheann ar thalamh fliuch, amhail éin imirceacha geimhridh, lena n-áirítear an Ghé Ghiúrainn agus an Eala Ghlórach, nó an Frog Coiteann agus an tEarc Luachra, oiriúnaithe go sonrach do dhálaí fliucha agus ní fhaightear iad in áit ar bith eile. Má théann gnáthóga bogach i laghad (e.g. trí dhraenáil), téann na speicis seo i laghad chomh maith. Faightear go leor plandaí feoiliteacha, lena n-áirítear drúchtíní, an Bodán Meascáin agus lusanna borraigh mór i mbogaigh. Is féidir an caonach Sfagnaim a dhéanann na portaigh a chothú a fháil go forleathan i bportaigh ardaithe agus i mbratphortaigh ar fud an Chláir. Tá tacaíocht tugtha ag Comhairle Contae an Chláir d’iarrachtaí athchóirithe córas bratphortach atá díghrádaithe, amhail Tionscadal Athfhliuchta Phortach Chnoc na hUille, a bhfuil sé mar aidhm aige tionchair na draenála a aisiompú trí ghnáthóga bogach a athfhliuchadh. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an Chomhairle roinnt suirbhéanna fardail ar bhogaigh ar fud an chontae agus treoirfhoilseacháin maidir le bogaigh do phobail áitiúla. Rinne Suirbhé GIS agus Deasc-Shuirbhé ar Bhogaigh an Chláir 2022 mapáil ar 821 limistéar bogach; bhí

suirbhéanna cúlra in easnamh i gcás breis is 600 díobh. Rinneadh suirbhéanna allamuigh ar fud an chontae ó 2023 go 2025 chun acmhainn bhogach an chontae a mheas.







**Éiceachórais féarthalún**

Is é féarthalamh an cineál gnáthóige is aitheanta agus is coitianta i gContae an Chláir agus déantar í a bhainistiú go príomha le haghaidh talmhaíochta, lena n-áirítear beostoc a chur ar féarach agus barr sadhlais a tháirgeadh. Tacaíonn féarthalamh fheabhsaithe atá modhnaithe go mór le haghaidh diantalmhaíochta le níos lú speiceas plandaí, agus is gnách go mbíonn speicis mhonachultúir amhail seagalach ilbhliantúil i réim. I gcodarsnacht leis sin, tá féarthalamh chailcreach, a fhaightear i mBoirinn mar shampla, saibhir ó thaobh speicis de agus faightear raon leathan bláthanna fiáine agus féar a chothaíonn daonraí pailneoirí, feithidí eile agus éin trí fhoinse neachtair agus pailine agus éagsúlacht síolta féir a sholáthar.

Tá réimse bláthanna fiáine ar na láithreáin dheireanacha seo a leanas, mar shampla Luibh na nDaitheacha, Cnapán Dubh, Duáinín an tSeanchais, Crobh Éin, Cluas Chait, Rú Muire, Nóinín Mór, Cab an Ghasáin agus roinnt speiceas magairlíní. Déantar féarthalamh atá saibhir ó thaobh speiceas de i gContae an Chláir a bhainistiú trí leas a bhaint as teicnící innilte caomhnaithe, lena n-áirítear leibhéil ísle stocála, córas bainistíochta ionchuir íseal cothaitheach a chur i bhfeidhm agus úsáid lotnaidicídí a sheachaint. Bíonn tionchar ag ithreacha bunúsacha, geolaíocht, dálaí aigéadacha agus alcaileacha, aeráid agus cleachtais bhainistíochta ar ghnáthóga féarthalún, agus mar thoradh orthu sin, i gCo. an Chláir, bíonn féarthalamh fhliuch, féarthalamh tirime tais aigéadacha agus féarthalamh chailcreach ann.

Tá roinnt suíomhanna i gContae an Chláir ainmnithe go sonrach do chineálacha féarthalún neamhchoitianta; ina measc seo tá SAC Bhaile Thaidhg in aice le Lios Dúin Bhearna, atá ainmnithe mar ghnáthóg Aguisín I an AE ‘Féarthalamh

Molinia', a thacaíonn leis an bhFritileán Réisc atá faoi chosaint chomh maith. Thacaigh scéimeanna talmhaíochta agus comhshaoil roimhe seo, amhail Clár Bhoirne ag obair i gcomhpháirtíocht le feirmeoirí áitiúla i dtuaisceart an Chláir, le caomhnú féarthalún leathnádúrtha. Le déanaí, áirítear sa Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe (ACRES) bearta atá dírithe ar bhunú bláthanna fiáine dúchasacha agus féarthalamh leathnádúrtha. Tá suirbhéanna gnáthóige ar fud an chontae coimisiúnaithe ag Comhairle Contae an Chláir thar na blianta chun cineálacha féarthalamh dúchasach a aithint atá comhchruinnithe den chuid is mó i réigiúin an oirthir, an oirdheiscirt agus lár Chontae an Chláir, agus chláraigh siad mar chomhpháirtí na Comhairle i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí in 2020.





**Éiceachórais aolchloiche**

Is é ardchlár Bhoirne i dtuaisceart an Chláir an sampla is cáiliúla d'éiceachóras aolchloiche in Éirinn, agus é cáiliúil as a fhoirmíochtaí carstaí, atá liostaithe mar Gheopháirc UNESCO agus an t-aon Pháirc Náisiúnta sa chontae. Tá tábhacht éiceolaíoch idirnáisiúnta ag baint le Boirinn mar gheall ar na gnáthóga agus na speicis atá le fáil ann. Leis na cosáin aolchloiche, na turlaigh agus an féarthalamh atá saibhir i magairlíní, tá Boirinn ag brath ar chleachtais feirmeoireachta traidisiúnta chun leanúint ar aghaidh mar atá. Soláthraíonn nádúr intuaslagtha, alcaileach na haolchloiche gnáthóga uathúla ar nós cosáin aolchloiche, féarthalamh chailcreach (saibhir i magairlíní), turlaigh, eanaigh chailcreacha, scrobarnach aitil, tobair agus uaimheanna clochraithe. Bíonn pábhálacha aolchloiche le fáil ar bhuncharraig aolchloiche cothrom, le fána réidh nó ardaithe atá creimthe agus briste feadh hailt arna sainaithint le foirmíochtaí 'clint agus gríog'.

Tá cáil ar éiceachórais aolchloiche as a bhflóra neamhchoitianta. Is é Contae an Chláir an t-aon suíomh ar a bhfuil an planda neamhchoitianta an Gaineamhlus Artach in Éirinn, atá liostaithe ar an Ordú um Chosaint Flóra agus i Leabhar Dearg Sonraí na bPlandaí Soithíocha. Tá 22 as 27 speiceas de mhagairlíní na hÉireann le fáil i mBoirinn sa Charn agus Cill Iníne Baoith, lena n-áirítear Magairlín na mBeach, Magairlín na gCuileanna agus an Magairlín Meidhreach.

Is lochanna sealadacha, éadoimhne, a chothaítear le screamhuisce iad turlaigh agus tá cáil orthu as a spéis luibheolaíoch. Is sampla maith é Loch Gealain, agus is é Turlach an Chairn an

turlach is mó san Eoraip. Nuair a bhíonn tuilte ann, tacaíonn roinnt turlach le líon tábhachtach náisiúnta d'éin uisce imirceacha amhail an Eala Ghlórach. Tá éiceachórais charstacha tábhachtach d'inveirteabraigh freisin. Ní fhaightear leamhan Glas Bhoirne in áit ar bith eile in Éirinn ná sa Bhreatain agus tá 26 de na 33 féileacán a fhaightear in Éirinn le fáil sa Mhullach Mór amháin.





**Éiceachórais cois cósta**

Tacaíonn cósta Chontae an Chláir le gnáthóga éagsúla feadh an Aigéin Atlantaigh, go háirithe Cuan na Gaillimhe, Cuan Lios Ceannúir agus Inbhear na Sionainne. Tá gnáthóga cois cósta amhail dumhcha gainimh, riasca salainn, aillte farraige, murlaigh agus bruacha scaineagáin agus gairbhéil ríthábhachtach chun ár mbithéagsúlacht chósta a chothabháil. Tá na mílte éan mara ag neadú ar aillte farraige an Chláir, go háirithe Aillte an Mhothair agus Leithinis Cheann Léime, lena n-áirítear an Saidhbhéar, an Fulmaire, an Fhoracha agus an Fhoracha Dhubh, an Crosán, an Puifín agus an Préachán Cos Dearg. Cuireann na cruacha farraige, na leaca, na scoilteanna agus na huaimheanna deiseanna neadaithe idéalacha ar fáil ar shiúl ó chreachadóirí. Tá Limistéar faoi Chosaint Speisialta Aillte an Mhothair i measc na gcoilíneachtaí éan mara is tábhachtaí in Éirinn. Cuireann féarthalamh cois cósta deiseanna beathaithe ar fáil don Phréachán Cos Dearg, speiceas atá ag dul i laghad laistigh den Limistéar faoi Chosaint Speisialta. I measc gnáthóga cósta eile cois cósta, amhail dumhcha gainimh atá suite feadh chósta thiar agus thuaidh an Chláir, tá Muiríneach agus plandaí tacaíochta amhail an Méara Muire, Cuileann Trá agus Spuirse Mara, agus úsáideann éin a neadaíonn ar an talamh amhail an Fhuiseog agus an Riabhóg Mhóna na dumhcha chun neadú iontu. Is féidir samplaí maithe de dhumhcha gainimh dea-fhorbartha a fháil ag Limistéar faoi Chosaint Speisialta Dhumhcha na Ceathrún Móire atá suite gar don Dún Beag.

Is uiscí éadoimhne goirt iad murlaigh cois cósta atá scartha ón bhfarraige ag bacainn chúng nádúrtha atá comhdhéanta de ghaineamh, de scaineagán nó de dhoirneog. Is sampla de mhurlach cois cósta i gContae an Chláir é Loch Uí Dhónaill atá suite idir Coillte agus an Dún Beag. Tacaíonn murlaigh ar nós Loch Uí Dhónaill le réimse éan uisce, go háirithe lapairí amhail an Cuirliún, an Circín Trá agus an Pilibín. Is gnáthóga bogach cois cósta iad riasca salainn atá le fáil laistigh d'Inbhear na Sionainne, lena n-áirítear Poll na nOisrí, Sruthán Bhéal Átha an Chomhraic agus Cill an Dísirt. Tacaíonn na riasca le héin uisce geimhridh agus feidhmíonn siad mar stór carbóin.

Tá tránna deasa le fáil chomh maith i gCo. an Chláir agus is suntasach an bhithéagsúlacht a dtacaíonn na gnáthóga seo leo, idir gaineamh, scaineagán agus gairbhéal. Uaireanta, bíonn scaineagán carntha chun dromanna nó bruacha arda a fhoirmiú os cionn an láin bharra agus tugtar bruacha scaineagáin agus gairbhéil nó ‘tránna stoirme’ orthu siúd.





**Éiceachórais mhuirí**

Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis na huiscí mara amach ó chósta an Chláir do speicis atá i mbaol criticiúil, amhail an Scolabard, an Sciata Bán agus an Bráthair. Tacaíonn na huiscí mara éadoimhne le speicis eile a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo amhail an Siorc Liath, an Madra Gorm, an Rotha Fhionn agus an Rotha Gharbh. Is sampla de chladach creagach tábhachtach iad Sceireacha Chill Chaoi, atá ainmnithe mar Limistéar Muirí faoi Chosaint Speisialta, ina bhfuil pobail áirithe plandaí agus ainmhithe nach bhfaightear ach ar chósta thiar na hÉireann. Is féidir le timpeallachtaí muirí a bheith idirthaoideach (cladaí láibeacha, scaineagánacha, gairbhéil), fothaoidmhar (ina bhfuil gnáthóga ghrinneall na farraige), dobharlaigh níos mó (amhail inbhir agus uiscí muirí oscailte) agus cuaisíní agus bánna. Tá dhá bhá i gCo. an Chláir, Bá Lios Ceannúir agus cuid de Chuan na Gaillimhe. Mar shampla, is eol go mbíonn rónta flasa agus rónta cuain araon ag tarraingt amach go rialta ag Oileán Caorach, a aithnítear mar nead éin róin. Tá cladach creagach an Chláir saibhir i saol muirí agus tá Bairnigh Choiteanna, Diúilicíní Coiteanna, Féar Mara ann, roinnt speiceas feamainne, Miongáin, Crosáin Mhara, Portáin Chladaigh agus speicis éisc, agus bíonn Maicréil ag snámh i scoileanna móra amach ó Cheann Léime ar thóir Salán.

Tacaíonn Inbhear na Sionainne le daonra cónaitheach den Deilf Bolgshrónach, leas cáilitheach de chuid SAC Abhainn na Sionainne Íochtaraí. Déanann Grúpa na hÉireann ar Mhíolta Móra agus Deilfeanna suirbhé ar Dheilfeanna Bolgshrónacha agus déanann siad monatóireacht ar mhíolta móra eile, lena n-áirítear Míolta Móra Dronnach. Tá iarrachtaí chun reachtaíocht a thabhairt isteach faoi athbhreithniú agus is é an aidhm fhoriomlán atá léi ná an bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú in éiceachórais mhuirí agus gealltanas a thabhairt 30% d’fharraigí na hÉireann a ainmniú mar Limistéir Mhuirí faoi Chosaint faoi 2030. Trí ról an Oifigigh Bithéagsúlachta, tá Comhairle Contae an Chláir ag tacú le Grúpa na hÉireann ar Mhíolta Móra agus Deilfeanna agus le páirtithe leasmhara eile chun Comhghuaillíocht Straitéiseach Mhuirí a chothu i bpobail áitiúla a thacaíonn le heolaíocht na saoránach, taighde eolaíoch agus rannpháirtíocht for-rochtana.





**Fálta sceach agus crannteorainneacha**

Is naisc ríthábhachtacha iad gnáthóga líneacha amhail fálta sceach agus crannteorainneacha a nascann eilimintí den bhithéagsúlacht sa tírdhreach. Feidhmíonn siad mar chonairí a nascann fiadhúlra le gnáthóga éagsúla agus le láithreacha te bithéagsúlachta. Cuireann fálta sceach agus crannteorainneacha láidre, slána líne saoil ar fáil don bhithéagsúlacht i gContae an Chláir; cuireann na gnáthóga imeallacha seo atá fós ann tearmann ar fáil do ghrúpaí speiceas, lena n-áirítear mamaigh amhail an Dallóg Fraoigh, an Broc, Gráinneoga agus ialtóga, pailneoirí, feithidí eile agus éin neadaithe. Úsáideann an Chrú-Ialtóg Bheag fálta sceach agus crannteorainneacha chun taisteal agus beathú, ag leanúint foinse na bhfeithidí a bhaineann leis na gnáthóga seo.

I measc na bhfálta sceach éagsúla tá an Sceach Gheal, an Draighneán Donn, Cuileann, an Trom, Coll, Caor Chon, Feoras, Saileach, Caorthann agus Beith, go minic taobh le crannteorainneacha faoi cheannas na Fuinseoige, na Darach, an tSeiceamar agus na Fearnóige. Cothaíonn torthaí agus caora fiadhúlra ar nós an Dreoilín, an Lon Dubh, an Ghilphíb, Bráthair an Dreoilín, an Ceolaire Sailí agus an Spideog. Tacaíonn imeall féir agus bruacha cré na bhfálta sceach le pailneoirí amhail Beacha Aonair, Beacha Tolltacha, féileacáin agus leamhain. Tá ról ag imill féir i dtimthriallta saoil speiceas freisin, amhail an Buachalán Buí agus an Leamhán Cionnabair. Tá sé ríthábhachtach ár bhfálta sceach a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ionas go ligfí do ghluaiseacht an fhiadhúlra. Is sócmhainní tábhachtacha Bonneagair Ghlais iad fálta sceach agus crannteorainneacha a sholáthraíonn réimse feidhmeanna, lena n-áirítear rith chun srutha ó shíolta agus ó dhríodar a ghabháil, carbóin a cheapadh, gluaiseacht uisce a rialáil chun cabhrú le tuilte a chosc, foscadh a sholáthar d’ainmhithe feirme agus cabhrú le scaipeadh galair san aer a chosc.





**Coillte agus scrobarnach**

Le thart ar 18% de Chontae an Chláir clúdaithe le coillte, tacaíonn an contae le réimse éagsúil coillte dúchasacha, lena n-áirítear coillte seanbhunaithe agus coillte ársa neamhchoitianta amhail Coill Garrannon in aice leis an gCreatlach agus SAC Choill Ghleann Ómra in Oirthear an Chláir. Is féidir coillte a rangú mar choillte leathnádúrtha, modhnaithe go mór/neamhdhúchasach, scrobarnach/idirthréimhseach nó coillte líneach. Is é an cineál ithreach atá faoina bhun agus na dálaí comhshaoil a chinneann an cineál crann a fhásann ann. Mar shampla, tacaíonn talamh leathbháite nó sáithithe le coillearnach fhliuch, amhail Dair Choiteann-Fuinseog fhliuch, agus de ghnáth, tacaíonn coillearnach fhliuch Saileach-Fearnóg-Fuinseog le Fearnóg, Saileach, Fuinseog agus Dair Choiteann. Is féidir samplaí a fháil in Anaclann Dúlra Choill an Droma Mhóir in aice leis an Ruán.

Tá coillte bruachánacha, atá faoi cheannas na Sailí agus roinnt Fearnóige, le fáil feadh imill abhann agus cuireann siad poist phéirse ar fáil don Mhurlach Mara, amhail Abhainn na Sionainne. Tacaíonn láithreáin bhogach aigéadacha le coillearnach portaigh ina bhfuil an Bheith i réim agus is minic a fhaightear Caorthann, Péine Albanach agus an Dair ar imeall gnáthóga portaigh ardaithe in oirthear agus in oirdheisceart an Chláir. Tacaíonn ailteanna agus gleannta ina bhfuil coillte seanbhunaithe le heipifítí agus speicis phlandaí neamhchoitianta amhail Raithneach Chill Airne in iarthar an Chláir. Tá scrobarnach Choill agus coillearnach Choill-Fuinseoige atá saibhir i speicis ar limistéir aolchloiche i mBoirinn. Tá Anaclann Dúlra Chathair Mhurchú in oirthear an Chláir agus gnáthóga éagsúla coillte darach le fáil inti. Tá sé ríthábhachtach don bhithéagsúlacht coillearnach dhúchasach a chur chun cinn toisc go dtacaíonn sé le hainmhithe dúchasacha, lena n-áirítear an Cat Crainn, an tIora Rua, an Mórchnagaire Breac, an Scréachóg Choille agus an Chrú-Ialtóg Bheag. Tá roinnt píosaí coillearnacha mapáilte ag Comhairle Contae an Chláir trí shuirbhéanna gnáthóige ar fud an chontae.





**Éiceachórais fionnuisce**

Is éiceachórais ríthábhachtacha iad aibhneacha agus srutháin don bhithéagsúlacht uisceach, ag tacú le speicis ar nós Bradán, Breac, Dobharchú, inveirteabraigh uisceacha amhail Cuileanna Bealtaine, Cuileanna Clocha agus larbhaí na gCuileanna Cadáin, agus an Diúilicín Péarla Fionnuisce atá annamh. Tá éiceachórais fionnuisce neamhroinnte ríthábhachtach d'imirce agus do scéachtaint éisc, go háirithe do Bhradáin agus do Bhreac, a bhfuil a dtimthriallta saoil ag clúdach timpeallachtaí fionnuisce agus muirí. I gContae an Chláir, imirceann na héisc seo suas an abhantrach chun sceatheadh a dhéanamh ar dhríodar mín gairbhéil, mar shampla i gcraobh-aibhneacha an Fhorghais. Is táscairí bitheolaíocha ar shláinte abhann iad cuileanna Bhealtaine agus cuileanna clocha agus úsáidtear iad chun bonn eolais a chur faoi stádas cáilíochta uisce. Dá mhéad a n-éagsúlacht, is amhlaidh is fearr cáilíocht an uisce. Is speiceas é an Diúilicín Péarla Fionnuisce atá thar a bheith íogair do thruailliú uisce agus a éilíonn uisce glan le leibhéil ísle truaillithe. Tarlaíonn sé i dtrí abhantrach i gCo. an Chláir: An Dún Beag; An tSionnain–An Ghréin/An Scairbh; agus An tSionnain–Abhainn Áth na Coille Meastar go bhfuil stádas caomhnaithe dhaonra abhantrach Abhainn Chluana 'neamhfhabhrach' faoi láthair. Tá an dobharchú liostaithe mar leas cáilitheach de SAC Abhainn na Sionainne Íochtaraí agus bunaíonn sé uaimheanna breithe, poll an mhadra uisce agus luíocháin feadh conairí abhann. Is féidir speicis speisialaithe éan abhann ar nós an Gabha Dubh, an Ghlasóg Liath agus an Murlach Mara a fháil ar an Eidhneach.

Tá iarrachtaí caomhnaithe déanta ag Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO),

Iascaigh Intíre Éireann (IFI), eagraíochtaí agus pobail áitiúla trí Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha (EIPanna) agus faoi scéimeanna tacaíochta maoinithe eile chun cáilíocht uisce a chothabháil agus a fheabhsú agus gnáthóga abhann a athbhunú. Tá monatóireacht ar Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce coimisiúnaithe ag Comhairle Contae an Chláir in abhantrach Chluana agus tá tacaíocht tugtha acu do staidéir taighde, lena n-áirítear 'Suirbhé Náisiúnta na gCuileanna Bhealtaine in Éirinn' agus 'Monatóireacht ar Ionradh Dhiúilicíní Cuaga i gCóras Abhainn na Sionainne'.





**An Timpeallacht Thógtha**

Is spásanna glasa ar nós páirceanna agus gnéithe uisce a thacaíonn le fiadhúlra iad ceantair uirbeacha; is féidir feabhas a chur ar chumas na gceantar seo tacú leis an mbithéagsúlacht trí bhainistíocht fheabhsaithe a thacaíonn leis an bhfiadhúlra. Is féidir le gairdíní agus foirgnimh phríobháideacha i mbailte agus i sráidbhailte ar fud Chontae an Chláir ról tábhachtach a ghlacadh maidir leis an mbithéagsúlacht a thacú agus is féidir leo gníomhú mar chlocha cora éiceolaíocha i gceantair uirbeacha agus folláine na sochaí a fheabhsú ag an am céanna. Is féidir le foirgnimh agus droichid thréigthe i gceantair uirbeacha tacú le speicis amhail an Gabhlán Gaoithe, an Gabha Dubh agus Ialtóg Daubenton, áit a bhféadfadh scoilteanna i gcloiche deiseanna neadaithe agus fara a sholáthar. D'fhéadfadh ballaí cloiche agus foirgnimh chloiche eile fásra éagsúil a chothú le líon flúirseach crotal, caonach agus raithneach. Glacann úinéirí tí agus Grúpaí Bailte Slachtmhara páirt i dtionscnaimh a thacaíonn le pailneoirí amhail móinéir bhláthanna fada a chur i bhfeidhm chun tacú le féileacáin, Bumbóga agus Beacha Aonair, i gcomhpháirtíocht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus ag glacadh páirte i dtionscnaimh taifeadta na bithéagsúlachta amhail comhaireamh Bláthanna agus Feithidí Amaithe (FIT).

I measc na ngníomhartha eile a fhéadann an bhithéagsúlacht a fheabhsú, tá cruthú locháin, beathadáin éan a shuiteáil, crainn a chur agus boscaí éan a chur in airde. Tá deiseanna ann gnéithe bithéagsúlachta a chomhtháthú i ndearadh foirgneamh agus spásanna poiblí, amhail brící beacha agus brící gabláin ghaoithe, díonta glasa, plandáil crann, sráid-dreacha (e.g. cosáin) agus gairdíní báistí chun conairí éiceolaíocha a neartú agus bonneagar glas a fheabhsú. Tugann na hiarrachtaí seo aghaidh ar chailliúint na bithéagsúlachta, laghdaíonn siad truailliú, maolaíonn siad an t-athrú aeráide agus feabhsaíonn siad folláine trí dhaoine a nascadh leis an dúlra. Tá suirbhéanna éiceolaíocha coimisiúnaithe ag Comhairle Contae an Chláir chun an bhithéagsúlacht uirbeach i gContae an Chláir a shainaithint agus a chosaint, lena n-áirítear tionscadail amhail an 'Suirbhé ar Ghabhláin Ghaoithe an Chláir 2017-2020' agus 'Suirbhé ar Chrainn i mBailte agus i Sráidbhailte Chontae an Chláir'.






©Daniel Hargreaves

## Colúin, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031

Tá fís fhoriomlán, cúig cholún lárnacha, cúig chuspóir agus 58 gníomh mar bhonn agus mar thaca ag Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 a threoróidh Clár Oibre Chomhairle Contae an Chláir um Bithéagsúlacht thar na sé bliana atá romhainn. Tá príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) agus sprioc ag dul le gach gníomh. Mar bhonn eolais ag na gníomhartha agus na cuspóirí, tá an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023-2030 agus ritheann siad i gcomhthráth leis na cuspóirí straitéiseacha bithéagsúlachta atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029, na gníomhartha oidhreachta nádúrtha a chuirtear i láthair i bPlean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030 agus spriocanna agus cuspóirí ó raon doiciméad beartais. Tugann an plean aird chomh maith ar na hionstraimí reachtacha ábhartha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear Treoir Gnáthóga an AE, Treoir an AE maidir le hÉin, an tAcht um Fhiadhúlra agus spriocanna atá leagtha amach faoi Dhlí an AE um Athbhunú an Dúlra. Bhí rannpháirtíocht an phobail i bpróiseas comhairliúcháin an phlean, mar aon le tuairimí bhaill Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir, ríthábhachtach chun gníomhartha a chuireann comhpháirtíochtaí comhoibríocha chun cinn agus a ghlacann cur chuige uile-shochaí chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus chun an bhithéagsúlacht i gContae an Chláir a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú do na glúnta atá le teacht.



| | | |
|---|---|---|
| **Colún 1:**<br><br>**Líonra Éiceolaíoch an Chontae a Fhorbairt agus Taighde a dhéanamh air** | **Cuspóir: Tacú lenár mbunachar sonraí agus é a neartú chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú laistigh den chontae trí shonraí a bhailiú, agus mapáil agus taighde a dhéanamh.** | Áirítear le Colún 1 gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm acu taighde agus bailiú sonraí a dhéanamh trí shuirbhéanna bonnlíne éiceolaíocha, mapáil gnáthóg agus staidéir eolaíocha a dhéanamh chun láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint agus a fheabhsú, nascacht agus ár dtuiscint ar sheirbhísí éiceachórais a neartú, bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i gComhairle Contae an Chláir agus faoi fhorbairt Léarscáil Líonra Éiceolaíoch an chontae. |
| **Colún 2:**<br><br>**Bithéagsúlacht a Chomhtháthú inár gCleachtais Oibre** | **Cuspóir: Caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a chomhtháthú i bpróisis agus in oibríochtaí cinnteoireachta trí bheartas, dea-chleachtas agus nósanna imeachta.** | Áirítear le Colún 2 gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcleachtais oibre agus inár bpróisis cinnteoireachta trí dhea-chleachtas. Tá siad dírithe go príomha ar an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú trí oibríochtaí agus nósanna imeachta na Comhairle. |

| | | |
|---|---|---|
| **Colún 3:**<br><br>**Ár Sócmhainní Bithéagsúlachta a Athchóiriú, a Fheabhsú agus a Chaomhnú** | **Cuspóir: Gníomhartha a chur i gcrích a bhfuil sé mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú ar leibhéal an chontae faoi 2031.** | Clúdaíonn Colún 3 gníomhartha atá dírithe ar bhearta praiticiúla athchóirithe, caomhnaithe agus feabhsúcháin don bhithéagsúlacht. Clúdaítear suirbhéanna bonnlíne freisin chun bonn eolais a chur faoin gcur chuige chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta. |
| **Colún 4:**<br><br>**Feasacht agus Oideachas ar Bhithéagsúlacht a Mhéadú do Ghlúin an Lae Inniu agus do na Glúnta atá le teacht** | **Cuspóir: Feasacht agus meas ar an mbithéagsúlacht a mhúscailt laistigh den chontae trí thionscnaimh oideachais, oiliúna agus for-rochtana.** | Áirítear le Colún 4 gníomhartha atá dírithe ar fheasacht ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn trí thionscnaimh éagsúla oiliúna, oideachais, cruthaitheachta agus rannpháirtíochta for-rochtana, lena n-áirítear raon leathan grúpaí páirtithe leasmhara ar fud an chontae. Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha seo páirtithe leasmhara a oiliúint agus a spreagadh chun gníomhartha caomhnaithe a dhéanamh ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht. |
| **Colún 5:**<br>**Comhpháirtíochtaí Comhoibríocha a Chothú don Dúlra** | **Cuspóir: Feabhas a chur ar chomhoibriú i measc na ndaoine uile a ghlacann cur chuige uile-shochaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú laistigh den chontae.** | Áirítear le Colún 5 gníomhartha a chothaíonn tacaíocht láidir agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha laistigh de phobail áitiúla agus eatarthu agus le páirtithe leasmhara, chun gníomhartha a chur chun cinn a thacaíonn leis an dúlra agus deiseanna nua a shainaithint chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú. |



*Léirítear meas ar an mBithéagsúlacht i gCo. an Chláir agus déantar í a caomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go stuama, rud a chothóidh seirbhísí éiceachórais agus pláinéad sláintiúil agus a sholáthróidh sochair atá riachtanach do chách*

- An fhís do Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031

## Colún 1: Líonra Éiceolaíoch an Chontae a Fhorbairt agus Taighde a dhéanamh air

**Cuspóir: Tacú lenár mbunachar sonraí agus é a neartú chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú laistigh den chontae trí shonraí a bhailiú, agus mapáil agus taighde a dhéanamh.**

Chun an líonra éiceolaíoch a bhunú agus taighde a dhéanamh ar acmhainn bhithéagsúlachta an chontae, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar staidéir bhunlíne agus ar shraitheanna sonraí atá ann cheana féin, suirbhéanna cothrom le dáta a choimisiúnú, taighde a dhéanamh ar ár mbunachar talún, láithreacha te bithéagsúlachta atá ann cheana a mhapáil, taighde eolaíoch a dhéanamh, bearnaí sonraí eolais a líonadh agus conairí éiceolaíocha a nascann láithreacha te bithéagsúlachta scoite agus éiceachórais sa chontae a shainaithint.  Is féidir le Léarscáil Líonra Éiceolaíoch de Chontae an Chláir cabhrú le Láithreáin Bithéagsúlachta Tábhachtacha Áitiúla (LIBS) a thriáiseáil mar shampla agus sainaithint a dhéanamh ar an gcaidreamh a bhíonn idir gníomhaíochtaí agus ar an tslí a n-imríonn siad tionchar ar na láithreáin seo.

*Nuair a dhéantar taighde ar ár sócmhainní bithéagsúlachta, cabhraítear le deiseanna nua a aithint a bhfuil sé mar aidhm acu an líonra éiceolaíoch laistigh den chontae a neartú agus níos mó tacaíochta a thabhairt don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.*

Tá ról tábhachtach le glacadh ag Comhairle Contae an Chláir mar cheannaire maidir le tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta um bainistíocht talún, pleanáil agus forbairt inbhuanaithe agus nascacht gnáthóg a chur chun cinn. Tá roinnt suirbhéanna fardail gnáthóg agus speiceas ar fud an chontae coimisiúnaithe ag an gComhairle agus cuirfidh na gníomhartha atá leagtha amach faoin gcuspóir seo leis an obair thábhachtach seo.

**Cás-Staidéar 1 'Naisc leis an Dúlra': Tionscadal Líonraí Éiceolaíocha Inse**

Is staidéar leanúnach é Tionscadal Líonraí Éiceolaíocha Inse atá á stiúradh ag Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir chun conairí éiceolaíocha in Inis agus sna ceantair máguaird a aithint agus a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi straitéisí bonneagair ghlasa amach anseo. Breathnaíonn an staidéar ar lonnaíocht in Inis ó pheirspictíocht na gconairí éiceolaíocha agus na gcloch chora do ghluaiseacht an fhiadhúlra. Baineann sé le mapáil a dhéanamh ar láithreáin te bithéagsúlachta amhail bogaigh, coillte, pábháil aolchloiche, láithreacha neadaithe ialtóg agus láithreacha ainmnithe, agus déanann sé measúnú ar an gcaoi a nascann conairí éiceolaíocha amhail crannteorainneacha, fálta sceach, coillte líneacha agus uiscebhealaí na láithreáin te bithéagsúlachta seo chun gluaiseacht an fhiadhúlra a éascú. Breathnaíonn an staidéar chomh maith ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn grúpaí speiceas amhail pailneoirí, ialtóga, éisc agus éin leis an timpeallacht uirbeach. Chuidigh staidéar deisce agus cleachtadh mapála GIS le conairí éiceolaíocha atá ann cheana a shainaithint, bacainní agus constaicí ar nascacht a shainaithint agus deiseanna a shainaithint chun conairí éiceolaíocha a nascann láithreacha te bithéagsúlachta a fheabhsú agus a neartú. Leagann an staidéar

béim chomh maith ar thábhacht ghnáthóga uirbeacha, amhail páirceanna, spásanna glasa eile agus gnéithe uisce, agus ar an gcaoi ar féidir a luach bithéagsúlachta a fheabhsú, trí chomhoibriú a dhéanamh le comhpháirtithe tábhachtacha agus folláine shóisialta mhuintir Inse a fheabhsú.





| Uimhir an Ghnímh | Gníomhaíocht | Sprioc | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **COLÚN 1: LÍONRA ÉICEOLAÍOCH AN CHONTAE A FHORBAIRT AGUS TAIGHDE A DHÉANAMH AIR** | | | | |
| **CUSPÓIR 1: Tacú lenár mbunachar sonraí agus é a neartú chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú laistigh den chontae trí shonraí a bhailiú, agus mapáil agus taighde a dhéanamh.** | | | | |
| **1.1** | **Léarscáil Líonra Éiceolaíoch (ENM) de Chontae an Chlár a fhorbairt chun nascacht tírdhreacha don fhiadhúlra a chur ar an eolas agus chun sócmhainní Bonneagair Ghlas an chontae a chosaint agus aird á tabhairt ar chonairí éiceolaíocha, clocha cora agus pointí fáiscthe.** | Chun láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint agus a fheabhsú, chun nascacht a neartú agus chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i gComhairle Contae an Chláir. | • Léarscáil Líonra Éiceolaíoch an Chontae a chur i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **1.2** | **Tuiscint ar chaipiteal nádúrtha agus ar** | Chun faisnéis bhunlíne a bhunú maidir le seirbhísí éiceachórais. | • Líon na gcur i láthair agus | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **sheirbhísí éiceachórais a neartú.** | | na gcainteann a a tugadh. | |
| **1.3** | **Leanúint ar aghaidh de 'Láithreáin Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil' (LIBS) agus conairí éiceolaíocha a shainaithint, a mhapáil agus a fheabhsú chun bonn eolais a chur faoi Straitéisí Bonneagair Ghlas d'fhonn an acmhainn éiceolaíoch seo a chosaint.** | Tiomsú sonraí ar limistéir bhithéagsúlachta a meastar a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos airde), tábhacht chontae, náisiúnta agus idirnáisiúnta leo, agus nascacht idir na limistéir seo a chosaint agus a fheabhsú. | • Staidéar deisce agus mapáil GIS curtha i gcrích.<br>• Suirbhéann a bliantúla ar ghnáthóga agus speiceas curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **1.4** | **Leanúint de shuirbhéanna agus mapáil gnáthóg ar fud an chontae a dhéanamh, ag cur leis na suirbhéanna fardail bonnlíne roimhe seo chun bonn eolais a chur faoi bhailiú sonraí agus faoi fhorbairt leanúnach Léarscáil an Líonra Éiceolaíoch.** | Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí faisnéise, láithreáin a mbaineann tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint agus a fheabhsú, nascacht a neartú agus bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i gComhairle Contae an Chláir. | • Líon na suirbhéann a curtha i gcrích agus mapáilte. | Stiúrthóireachtaí Eacnamaíocha agus Turasóireachta |
| **1.5** | **Iniúchadh bithéagsúlachta ar bhunachar talún na Comhairle d'fhonn gníomhartha feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.** | Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais agus ar an gcumas atá ann gníomhartha feabhsúcháin bithéagsúlachta a dhéanamh. | • Iniúchadh curtha i bhfeidhm. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **1.6** | **Dul i mbun oibre le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le comhlachtaí taighde eile chun tacú le taighde eolaíoch i réimse na bithéagsúlachta i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir.** | Chun tacú le taighde eolaíoch a chuireann lenár dtuiscint ar shócmhainní bithéagsúlachta laistigh den chontae. | • Líon na dtionscadal taighde curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe leasmhara seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.7** | **Taighde a dhéanamh ar láithreáin a bhfuil luach caomhnaithe nádúrtha leo cois cósta an Chláir chun tuiscint iomlán a fháil ar impleachtaí an athraithe aeráide agus ardú leibhéal na farraige agus ar na cineálacha cur chuige féideartha maidir le maolú, oiriúnú agus teacht aniar a chothú.** | Limistéir thábhachtacha a shainaithint a bhfuil brúnna an athraithe aeráide ag dul i bhfeidhm orthu, amhail ilroinnt gnáthóg, cailliúint gnáthóg agus speiceas. Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun éiceachórais atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú. | • Staidéar curtha i bhfeidhm ar limistéir oidhreacht a nádúrtha tábhachtac ha atá i mbaol an athraithe aeráide. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe leasmhara seachtracha |

## COLÚN 2: Bithéagsúlacht a Chomhtháthú inár gCleachtais Oibre

**Cuspóir 2: Caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a chomhtháthú i bpróisis agus in oibríochtaí cinnteoireachta trí bheartas, dea-chleachtas agus nósanna imeachta.**

Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Contae an Chláir cloí leis an reachtaíocht ábhartha lena rialaítear cosaint na bithéagsúlachta agus a chinntiú go bhfuil oibríochtaí agus nósanna imeachta laethúla na Comhairle i gcomhréir leis na príomhionstraimí reachtúla, lena n-áirítear Treoir Gnáthóga an AE, Treoir an AE maidir le hÉin, Acht Fiadhúlra na hÉireann (arna leasú), Achtanna Pleanála agus Forbartha, agus Creat-Treoir Uisce an AE. Is féidir na freagrachtaí seo a chomhlíonadh trí chúram don bhithéagsúlacht a chomhtháthú inár nósanna imeachta oibre.

*Baineann comhoibriú tras-rannach sa Chomhairle leis an bplean chun a chinntiú go ndéantar bithéagsúlacht a chomhtháthú agus tús áite a thabhairt dó i bpróisis chinnteoireachta chun dea-chleachtas éiceolaíoch a sheachadadh agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú ar bhealach comhtháite.*

Tá oiliúint foirne maidir le híogaireachtaí éiceolaíocha agus forbairt treoirlínte láidre riachtanach chun a chinntiú go gcuirtear bainistíocht inbhuanaithe fhadtéarmach an chomhshaoil nádúrtha san áireamh i ngach gné den rialachas áitiúil agus d'oibríochtaí na Comhairle.

**Cás-Staidéar 2 'Ag Obair as Lámha a Chéile leis an Dúlra: Dea-Chleachtas na Bithéagsúlachta a Threorú'**

Is í Comhairle Contae an Chláir an chéad údarás áitiúil agus an t-aon údarás áitiúil in Éirinn a bhfuil lámhleabhar cuimsitheach maidir leis an mbithéagsúlacht ullmhaithe aige atá dírithe ar oibríochtaí agus nósanna imeachta údaráis áitiúil maidir leis an mbithéagsúlacht: *Treoirleabhar Chomhairle Contae an Chláir maidir leis an*

*mBithéagsúlacht: Treoirlínte Dea-Chleachtais na Bithéagsúlachta*. Is é príomhchuspóir an treoirleabhair ná treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm an chleachtais éiceolaíoch is fearr i bhfeidhmeanna na Comhairle. Cuireann an treoirleabhar treoir phraiticiúil ar fáil do bhaill foirne na Comhairle maidir le cosaint na bithéagsúlachta agus leagtar amach ann reachtaíocht agus beartas bithéagsúlachta, agus nósanna imeachta mionsonraithe maidir le cleachtais oibre a mbíonn tionchar díreach acu ar an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear bainistíocht fálta, bainistíocht féir agus gruaimhíní, úsáid lotnaidicídí, bainistíocht crann, athchóiriú soilsiú poiblí d'ialtóga, nósanna imeachta draenála, oibríochtaí le linn shéasúr neadaithe na n-éan, tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh faoin 'bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí' agus gníomhartha feabhsúcháin eile. Trí ról an Oifigigh Bithéagsúlachta, tá ceardlanna oiliúna bithéagsúlachta eagraithe ag Comhairle Contae an Chláir atá deartha chun dea-chleachtas éiceolaíoch a chur i bhfeidhm amhail bainistíocht inbhuanaithe fálta sceach a chur chun cinn agus bithshlándáil a chur i bhfeidhm chun scaipeadh speiceas ionrach a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, tá ceardlanna curtha ar fáil ag an gComhairle a bhfuil sé mar aidhm acu bithéagsúlacht a chomhtháthú i ndearadh tionscadal, amhail sráid-dreacha agus réimsí poiblí (e.g. Cosáin) a fheabhsú, gairdíní báistí, cosaint na mbogach, réitigh atá bunaithe ar an dúlra, feabhsú na bithéagsúlachta agus tuairisciú comhshaoil a chomhlíonadh.






What Are Wetlands?

| Uimhir an Ghnímh | Gníomhaíocht | Sprioc | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **COLÚN 2: BITHÉAGSÚLACHT A CHOMHTHÁTHÚ I gCLEACHTAIS OIBRE** | | | | |
| **CUSPÓIR 2: Caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a chomhtháthú i bpróisis agus in oibríochtaí cinnteoireachta trí bheartas, dea-chleachtas agus nósanna imeachta.** | | | | |
| **2.1** | **Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le lotnaidicídí a úsáid in oibríochtaí Chomhairle Contae an Chláir i gcomhréir le *Treoirleabhar Chomhairle Contae an Chláir maidir leis an mBithéagsúlacht: Treoirlínte Dea-Chleachtais na Bithéagsúlachta* maidir le luibhicíde a úsáid.** | Úsáid lotnaidicídí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus roghanna malartacha a iniúchadh chun an úsáid agus an tionchar ar ghabhdóirí éiceolaíocha a íoslaghdú. | • Líon imeachtaí a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Fhisiciúil; ar fud na Comhairle |
| **2.2** | **Cúrsaí oiliúna bithéagsúlachta a chur ar fáil do bhaill foirne na comhairle agus do chonraitheoirí seachtracha agus *Treoirleabhar Chomhairle Contae an Chláir maidir leis an mBithéagsúlacht*: *Treoirlínte Dea-Chleachtais na Bithéagsúlachta* a chur i bhfeidhm in oibríochtaí na Comhairle.** | Chun dea-chleachtas éiceolaíoch a chur chun cinn in oibríochtaí na Comhairle. | • An líon imeachtaí oiliúna a sheachadtar.<br>• Ábhar acmhainne curtha ar fáil. | Eacnamaíoch, ar fud na Comhairle |
| **2.3** | **Cúrsaí oiliúna maidir le fálta a chur ar fáil do bhaill foirne na comhairle agus do chonraitheoirí gearrtha fálta.** | Chun acmhainn na bhfálta sceach a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus chun líonra na gconairí éiceolaíocha a neartú. | • Cúrsa ríomhfhoghlam a curtha le chéile.<br>• An líon imeachtaí oiliúna a sheachadtar. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ó na Stiúrthóireachta í Fisiciúla, Sóisialta, Turasóireachta agus Tuaithe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.4 | **Gnéithe nádúrtha a choinneáil agus feabhsú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a ionchorprú i ndearadh foirgneamh nua, tithíochta, tionscadal réimse poiblí agus tograí eile de réir mar is iomchuí (e.g. boscaí neadaireachta/brící gabhláin gaoithe, crainn dhúchasach a chur, gairdíní báistí (SuDS), feabhas a chur ar shráid-dreacha, bearta a thacaíonn le pailneoirí.** | Chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú i gceantair uirbeacha agus sa timpeallacht thógtha agus nascacht éiceolaíoch a chur chun cinn. | • Líon na dtionscadal curtha i gcrích.<br>• Líon na gceardlann a reáchtáladh | Stiúrthóireachta í Eacnamaíoch, Fisiciúil, Sóisialta, Turasóireachtaa gus Tuaithe |
| 2.5 | **Glanghnóthachan na Bithéagsúlachta agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chuimsiú agus a chur chun cinn i gcleachtas agus i gcinnteoireacht Chomhairle Contae an Chláir.** | A chinntiú go mbíonn tionchar dearfach intomhaiste ('glanghnóthachan') ag forbairt ar an mbithéagsúlacht. | • An líon cainteanna oiliúna a reáchtáladh.<br>• Líon na dtionscadal curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ó na Stiúrthóireachta í Fisiciúla, Sóisialta, Turasóireachta agus Tuaithe |
| 2.6 | **Gach láithreán Eorpach ainmnithe (SACanna agus SPAnna) a chosaint i gcomhréir le Treoir an AE maidir le Gnáthóga; agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) chomh maith, lena chinntiú go bhfuil gach forbairt atá beartaithe faoi réir ceanglais mheasúnaithe éiceolaíocha.** | Cosain agus cinntigh go mbainfidh gach láithreán ainmnithe stádas fabhrach caomhnaithe amach. | • Measúnachtaí Cuí agus EIARanna a cuireadh isteach tríd an bpróiseas iarratais phleanála. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ó na Stiúrthóireachta í Fisiciúla, Sóisialta, Turasóireachta agus Tuaithe/ An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| 2.7 | **Soilsiú 'a thacaíonn leis an ialtóg' a chur isteach i dtograí nua soilsithe poiblí agus** | Chun nascacht gnáthóige a chinntiú d'ialtóga agus chun bacainní a bhaineann | • Líon na dtograí a ghlac le soilsiú a thacaíonn leis an ialtóg, | Stiúrthóireachta í Eacnamaíocha agus Fisiciúla arna dtacú leis |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **uasghrádú/athchóiriú a dhéanamh ar an mbonneagar soilsithe atá ann cheana féin nuair is féidir, chun conairí dorcha a neartú d'ialtóga agus do mhamaigh oíche eile.** | le solas saorga ar ghnáthóga beathaithe agus comaitéireachta tábhachtacha a íoslaghdú. | bunaithe ar staidéir ar ialtóga. | na Stiúrthóireachta í Turasóireachta, Tuaithe agus Sóisialta / Bonneagar Iompair Éireann |
| 2.8 | **Láithreáin neadaithe ialtóg a chosaint agus a chinntiú go ndéantar measúnuithe éiceolaíocha iomchuí ar thograí forbartha; agus deiseanna feabhsúcháin na bithéagsúlachta a shainaithint.** | Chun conairí éiceolaíocha a neartú, láithreáin neadaithe ialtóg a chosaint agus grúpaí a oiliúint faoi ialtóga áitiúla. | • Plean tírdhreacha um fheabhsú na bithéagsúlachta curtha i gcrích.<br>• Líon na measúnuithe éiceolaíocha a cuireadh isteach agus a rianaíodh tríd an bpróiseas pleanála. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ó na Stiúrthóireachta í Fisiciúla, Turasóireachta, Tuaithe agus Sóisialta, ar fud na Comhairle / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| 2.9 | **Tionscadail a sheachadtar faoi Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031 a chur i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) ag baint úsáide as an Uirlis Ghníomhaíochta Luasghéaraithe** | Chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann siad leis an mbithéagsúlacht ar leibhéal an údaráis áitiúil. | • Uirlis gníomhaíochta luasghéaraithe nuashonraithe. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| 2.10 | **Dul i dteagmháil leis na nithe is díol spéise do chuairteoirí atá faoi stiúir na Comhairle go gcuirtear Pleananna Bainistíochta Cuairteoirí i gcrích, lena n-áirítear tionchar cuairteoirí a bhainistiú agus bagairtí amhail cur isteach agus díghrádú gnáthóige ar** | Chun laghdú a dhéanamh ar bhagairtí agus brúnna ar an mbithéagsúlacht a bhaineann le líon na gcuairteoirí ag nithe is díol spéise do chuairteoirí atá faoi stiúir na Comhairle. | • Líon na bpleananna bainistíochta cuairteoirí a coimisiúnaíodh, lena n-áirítear anailís ar shreabhadh cuairteoirí agus tionchair. | Stiúrthóireacht na Turasóireachta |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **ghabhdóirí éiceolaíocha íogaire a laghdú.** | | • Straitéisí láithreán-shonracha (i gcomhairle leis an Oifigeach Bithéagsúlachta agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) forbartha chun sreabhadh na gcuairteoirí a bhainistiú. | |

## COLÚN 3: Ár Sócmhainní Bithéagsúlachta a Athchóiriú, a Fheabhsú agus a Chaomhnú

**Cuspóir: Gníomhartha a chur i gcrích a bhfuil sé mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú ar leibhéal an chontae faoi 2031.**

Beidh ról lárnach ag Comhairle Contae an Chláir maidir le tacú le hiarrachtaí caomhnaithe ar fud an chontae agus daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu. Áirítear leis seo gníomhartha atá dírithe ar iarrachtaí praiticiúla um athchóiriú agus feabhsú na bithéagsúlachta agus tacú le tionscnaimh a dhíríonn ar chailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha. Tabharfaidh an plean tús áite do shuirbhéanna gnáthóige agus speiceas chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí caomhnaithe agus chun treoir a thabhairt do chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.

*Cuirfidh na sonraí leis na hiarrachtaí suirbhéireachta roimhe seo agus díreoidh siad ar stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas i gContae an Chláir a fheabhsú.*

Tá an cuspóir seo dírithe chomh maith ar dheiseanna nua a aithint chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú amhail fálta a chur, crainn a chur, locháin a chruthú, gnáthóga a athchóiriú, boscaí neadaireachta a shuiteáil agus láithreáin a bhainistiú i gcomhréir leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá an Chomhairle tiomanta do dhul i ngleic leis na dúshláin a mbíonn tionchar acu ar chailliúint na bithéagsúlachta agus tacú le tionscnaimh a chaomhnóidh, a athbhunóidh agus a fheabhsóidh an bhithéagsúlacht ar leibhéal an chontae faoi 2031.

**Cás-Staidéar 3 ‘Portaigh a Athbheochan: Anam a chur i bPortach Chnoc na hUille’**

Is comhpháirtíocht le feirmeoir áitiúil, Grúpa Bithéagsúlachta Pobail Chnoc na hUille agus Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir é Tionscadal Athfhliuchta Phortach Chnoc na hUille. Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2025 agus bhí athfhliuchadh 27 acra de bhratphortaigh in iarthar an Chláir i gceist leis, lena n-áirítear dambaí móna agus líonra de bhundaí móna comhrianta a thógáil chun leibhéil uisce a ardú chun caonach Sfagnaim, an

príomhghníomhaire foirmithe móna i bportaigh, a bhunú. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal codanna díghrádaithe den phortach a athchóiriú trí athfhliuchadh chun dálaí is fearr a chruthú do ghnáthóg neamhchoitianta ar a dtugtar ‘bratphortach gníomhach’ agus chun tearmann a sholáthar d’éin atá ar an Liosta Dearg a dhéanann nead ar an talamh, an Naoscach ina measc. Rinneadh staidéir éiceolaíocha agus hidreolaíocha ag baint úsáide as sonraí topagrafacha chun athfhliuchadh spriocdhírithe a dhíriú agus chun dearadh athfhliuchadh a chur ar an eolas. Rinne conraitheoir móna a raibh taithí aige dambaí móna agus bundaí a shuiteáil agus rinne Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir maoirseacht ar chur i bhfeidhm na hoibre sin. Rinneadh caonach Sfagnaim a thaifeadadh, ag coilíniú i linnte faoi uisce le linn míonna an tsamhraidh in 2025 agus cuireann an portach tearmann ar fáil d’fhiadhúlra, lena n-áirítear snáthaidí móra, béchuileanna, scinnirí locháin agus amfaibiaigh. Is tionscadal taispeána é seo chun a léiriú don phobal áitiúil, d’eagraíochtaí feirmeoireachta agus do scoileanna mar is féidir teicnící athfhliuchta a úsáid agus mar is féidir le tionscadail chaomhnaithe dúlra torthaí a bhaint amach maidir le bithéagsúlacht, ceapadh carbóin, taighde, oideachas agus folláine shóisialta.







| Uimhir an Ghnímh | Gníomhaíocht | Sprioc | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **COLÚN 3: ÁR SÓCMHAINNÍ BITHÉAGSÚLACHTA A ATHCHÓIRIÚ, A FHEABHSÚ AGUS A CHAOMHNÚ** | | | | |
| **CUSPÓIR 3: Gníomhartha a chur i gcrích a bhfuil sé mar aidhm acu an bhithéagsúlacht a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú ar leibhéal an chontae faoi 2031.** | | | | |
| **3.1** | **Deiseanna bithéagsúlachta féideartha a shainaithint le haghaidh plandáil crann agus cruthú coillearnaí.** | Sochair fhadtéarmacha a bhaint amach don bhithéagsúlacht, don aeráid agus d'fholláine an duine. | • Láithreáin aitheanta, suirbhéireacht déanta orthu agus crainn dhúchasacha curtha. | Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Eacnamaíoch |
| **3.2** | **Suirbhé fardail coillte a dhéanamh chun gnáthóga coillte dúchasacha sa chontae a aithint agus a mhapáil.** | Sainaithint a dhéanamh ar láithreáin coillte dúchasacha sa chontae nár doiciméadaíodh roimhe seo agus a mbaineann ardtábhacht caomhnaithe leo. | • Suirbhéanna agus mapáil coillte dúchasacha curtha i gcrích.<br>• Sonraí a chur isteach chun bonn eolais a chur faoi thuairisciú faoi Airteagal 17 ar riocht agus ar mhéid gnáthóige. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **3.3** | **Suirbhé a dhéanamh ar chrainn i láithreáin shainaitheanta sa chontae.** | Crainn a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus deiseanna feabhsúcháin bithéagsúlachta a shainaithint. | • Tacair sonraí Léarscáil Náisiúnta na gCrann faighte.<br>• Líon na suirbhéanna ar chrainn curtha i gcrích agus mapáilte. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ón Stiúrthóireacht Fhisiciúil |
| **3.4** | **Nuair is féidir, tacaíocht a thabhairt do phlandlanna áitiúla a bhfuil saineolas acu ar chaomhnú** | Tacú le foinsí síolta áitiúla ar de bhunadh áitiúil iad sa Chlár, agus iad a chur chun cinn lena n- | • Líon na dtionscadal ar tacaíodh leo. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ón Stiúrthóireacht Fhisiciúil, Turasóireachta, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **crann, plandaí, síolta agus barra bia géiniteacha dúchasacha a thagann ó Chontae an Chláir.** | athúsáid sa chontae. | • Líon na gceardlann a reáchtáladh | Tuaithe agus Sóisialta / Páirtithe Leasmhara |
| 3.5 | **Tacú le heagraíochtaí áitiúla a fhorbraíonn agus a chuireann tionscnaimh bithéagsúlachta i bhfeidhm, agus iad ag obair le feirmeoirí, úinéirí talún agus pobail áitiúla chun coillte dúchasacha, plandáil crann dúchasach, úlloird thraidisiúnta, cruthú locháin agus bearta feabhsúcháin bithéagsúlachta eile a bhunú, agus iad a chur chun cinn.** | Oibriú le húinéirí talún, feirmeoirí agus grúpaí pobail chun gníomhartha feabhsúcháin bithéagsúlachta a dhéanamh ina gceantar áitiúil. | • Líon na dtionscadal a críochnaíodh, agus líon na gcruinnithe a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |
| 3.6 | **Iniúchadh a dheanamh ar fhálta sceach agus ar theorainneacha crann ag láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo don Chrú-Ialtóg Bheag agus do speicis eile, ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí tábhachtacha.** | Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais agus chun conairí éiceolaíocha agus nascacht a fheabhsú don fhiadhúlra, lena n-áirítear an Chrú-Ialtóg Bheag. | • Suirbhéanna ar fhálta sceach agus ar theorainneacha crann curtha i gcrích, agus líon na gcruinnithe a reáchtáladh.<br>• Sonraí a chur isteach chun bonn eolais a chur faoi thuairisciú faoi Airteagal 17 ar riocht agus ar mhéid gnáthóige. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.7** | **Suirbhé fardail a dhéanamh ar bhogaigh ar fud an chontae chun acmhainn bhogaigh i gContae an Chláir a shainaithint agus a mhapáil.** | Chun láithreáin bhogaigh nár doiciméadaíodh roimhe seo sa chontae a shainaithint, a chosaint agus a chaomhnú. | • Suirbhéireacht agus mapáil ar bhogaigh ar fud an chontae curtha i gcrích agus teagmháil déanta le páirtithe leasmhara<br>• Sonraí a chur isteach chun bonn eolais a chur faoi thuairisciú faoi Airteagal 17 ar riocht agus ar mhéid gnáthóige. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **3.8** | **Tacú le húinéirí talún sa chontae agus oibriú leo chun tionscadail athchóirithe agus feabhsúcháin bithéagsúlachta a chur i gcrích (e.g. caomhnú portaigh agus fearthalún, an Fritileán Réisc).** | Caomhnú agus seirbhísí éiceachórais gnáthóga portaigh sa chontae a chur chun cinn agus tearmann fiadhúlra a chruthú do ghnáthóga agus fána neamhchoitianta. | • Líon na dtionscadal curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **3.9** | **Leanúint de thacaíocht a thabhairt do shuirbhéanna ar fhlóra neamhchoitianta, lena n-áirítear timpeallachtaí talún agus uisceacha araon, ag obair i gcomhpháirtíocht le BSBI, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, IFI agus** | Taifid a dhéanamh de fhlóra neamhchoitianta laistigh den chontae agus é a mhapáil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí tábhachtacha. | • Líon na suirbhéanna curtha i gcrích.<br>• Líon na dtaifead a cuireadh faoi bhráid na gcomhlachtaí ábhartha. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **gníomhaireachtaí ábhartha eile.** | | | |
| **3.10** | **Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair Thionscadal Deilfeanna na Sionainne, lena n-áirítear suirbhéanna monatóireachta ar Dheilfeanna Bolgshrónacha, gnáthóga a mhapáil in Inbhear na Sionainne, athchóiriú gnáthóg, cláir chumarsáide agus oideachais for-rochtana agus taighde eolaíoch leanúnach.** | Feasacht a mhúscailt i measc bhaill den phobal maidir le héiceachórais mhuirí agus míolta móra agus suirbhéanna a dhéanamh chun bearnaí eolais, athchóiriú gnáthóg agus taighde eolaíoch a chur ar an eolas. | • Tuarascálacha bliantúla déanta agus sonraí comhroinnte.<br>• Léarscáileanna agus cruthchomhaid curtha ar fáil.<br>• Líon na gCeardlanna agus imeachtaí a reáchtáladh.<br>• An líon scoileanna ar tugadh cuairt orthu.<br>• Comhoibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha, tacaíocht tugtha do thionscadail tríú leibhéal, foilseacháin agus tionscadail taighde curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna |
| **3.11** | **Nuair a fhoilseofar an Plean Náisiúnta um Bainistíocht Speiceas Ionrach, plé a dhéanamh maidir le Straitéis Bainistíochta Speiceas Ionrach a fhorbairt don chontae.** | Straitéis bainistíochta a fhorbairt ar leibhéal an chontae chun speicis ionracha fadhbacha a chóireáil, a rialú agus, nuair is féidir, a dhíothú. | • Líon na ngrúpaí rannpháirtíochta a tionóladh chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt straitéise. | Ar fud na Comhairle |
| **3.12** | **Tacú le suirbhéanna spriocdhírithe agus cláir dhíothaithe chun speicis choimhthíocha** | Tacú le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm acu suirbhéireacht a | • Líon na suirbhéanna curtha i gcrích.<br>• Líon na dtionscadal | Stiúrthóireachtaí Fisiciúla, Sóisialta, Eacnamaíocha, Turasóireachta |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **ionracha a chóireáil agus a rialú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí agus na grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha.** | dhéanamh ar speicis ionracha fadhbacha sa chontae, iad a chóireáil, a rialú agus, nuair is féidir, a dhíothú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí ábhartha. | cóireála agus díothaithe a cuireadh i gcrích. | agus Tuaithe / LAWPRO / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |
| **3.13** | **Dul i mbun oibre le pobail, le gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí chun caomhnú agus athchóiriú láithreáin bithéagsúlachta a dhéanamh trí chomhairle theicniúil a sholáthar agus, nuair is féidir, tacaíochtaí maoinithe a sholáthar (e.g. dumhcha gainimh, coillte dúchasacha, fálta sceach, gnáthóga muirí, féarthalamh leathnádúrtha).** | Stádas caomhnaithe gnáthóg a chothabháil agus a athbhunú trí thionscnaimh phobail, agus dea-chleachtas éiceolaíoch a ghlacadh. | • Líon na gcruinnithe a reáchtáladh le pobail agus le grúpaí páirtithe leasmhara tábhachtacha.<br>• Líon na dtionscadal ar tacaíodh leo. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ón Stiúrthóireacht Fhisiciúil / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra / Páirtithe Leasmhara seachtracha |
| **3.14** | **Oibriú le LAWPRO, IFI agus comhlachtaí eile chun straitéisí a fhorbairt chun conairí abhann a chosaint agus a fheabhsú don fhiadhúlra chun bithéagsúlacht uisceach a fheabhsú.** | Stádas caomhnaithe éiceachórais uisceacha laistigh den chontae a chosaint agus a fheabhsú. | • Líon na gcruinnithe a reáchtáladh | Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Eacnamaíoch / LAWPRO / IFI / comhlachtaí eile |
| **3.15** | **Na gníomhartha do chomhairlí atá** | Líon na limistéar atá á mbainistiú le | • Líon na limistéar atá á mbainistiú | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **leagtha amach sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chomhlánú, an tionscnamh a chur chun cinn agus láithreáin nua a shainaithint chun pailneoirí a bhainistiú iontu.** | haghaidh pailneoirí ar fud an chontae a mhéadú. | le haghaidh pailneoirí cruthaithe agus méadaithe.<br>• Gníomhartha na Comhairle a thacaíonn le pailneoirí agus tuairisciú déanta. | Fhisiciúil, Turasóireachta, Tuaithe agus Shóisialta |
| **3.16** | **Tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann le cosaint éan a bhfuil imní ann faoina gcaomhnú, e.g. speicis éan atá ar an liosta dearg agus éin in Aguisín I (Treoir an AE maidir le hÉin), suirbhéanna a choimisiúnú agus deiseanna feabhsúcháin a shainaithint i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara tábhachtacha.** | Deiseanna neadaithe a chruthú d'éin atá i mbaol d'fhonn meath daonra a bhaineann le cailliúint gnáthóige a aisiompú i gcomhar le grúpaí páirtithe leasmhara tábhachtacha. | • Líon na mboscaí neadaireachta agus bearta caomhnaithe eile atá curtha i gcrích.<br>• Líon na gcruinnithe a reáchtáladh | Stiúrthóireachtaí Eacnamaíocha agus Turasóireachta<br>/ Cairde Éanlaith Éireann / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |
| **3.17** | **Tacú le comhoibriú agus comhroinnt staidéar éiceolaíoch (nuair is féidir) idir eagraíochtaí a sholáthraíonn bearta praiticiúla chun gnáthóga agus speicis a chaomhnú sa chontae.** | Eolas comhroinnte a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do ghníomhartha praiticiúla feabhsúcháin agus athchóirithe do ghnáthóga agus speicis. | • Líon na dtionscadal comhoibríocha curtha i gcrích. | Forbairt Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha / Coillte / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **3.18** | **Pleananna/Straitéisí Bainistíochta Caomhnaithe Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do** | Sócmhainní bithéagsúlachta laistigh dár mbunachar talún | • Líon na suirbhéanna éiceolaíocha agus na bPleananna Bainistíochta Caomhnaithe | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch arna tacú ag an Stiúrthóireacht Turasóireachta |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **láithreáin a mbaineann tábhacht éiceolaíoch leo laistigh de bhunachar talún Chomhairle Contae an Chláir.** | a chosaint agus a fheabhsú. | Bithéagsúlachta atá críochnaithe.<br>• Líon na ngníomhartha sa phlean atá curtha i bhfeidhm. | |

## COLÚN 4: Feasacht agus Oideachas ar Bhithéagsúlacht a Mhéadú do na Glúnta atá le teacht

**Cuspóir 4: Feasacht agus meas ar an mbithéagsúlacht a mhúscailt laistigh den chontae trí thionscnaimh oideachais, oiliúna agus for-rochtana.**

Cur chun cinn oideachais, rannpháirtíochta agus feasachta cleachtais inbhuanaithe a spreagadh chun ár sócmhainní bithéagsúlachta a chosaint agus a chaomhnú do na glúnta seo agus do na glúnta atá le teacht. Déanann tionscnaimh eolaíochta saoránach rannpháirtíocht a chur chun cinn chun an pobal i gcoitinne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtaifeadadh agus i monatóireacht na bithéagsúlachta inár dtithe, inár ngairdíní, inár bhfeirmeacha, inár bpobail, inár ngnólachtaí, inár gclubanna spóirt agus inár scoileanna.

*Cothóidh an plean comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun tionscnaimh foghlama nuálacha bunaithe ar na healaíona agus cruthaitheacha a sheachadadh, ag tacú le tionscnaimh scoile bithéagsúlachta, ag spreagadh feasachta ó ghnólachtaí áitiúla, ag cur tionscadail atá dírithe ar an mbithéagsúlacht chun cinn trí ardáin meán agus ag tacú le heagraíochtaí áitiúla ar fud an chontae.*

Ina theannta sin, tacóidh an plean le féilte a bhaineann le bithéagsúlacht agus le himeachtaí náisiúnta a bhaineann le dúlra (e.g. Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta) agus treoirlínte agus foilseacháin á gcur le chéile ag an am céanna ar bealaí tábhachtacha iad chun feasacht ar bhithéagsúlacht a chur i láthair an phobail i gcoitinne agus a mhúscailt ina leith. Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta d'infheictheacht na bithéagsúlachta a fheabhsú trí oideachas comhshaoil a chur chun cinn agus trí rannpháirtíocht ghníomhach in iarrachtaí caomhnaithe a spreagadh chun leasa na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht.

**<u>Cás-Staidéar 4 'Fréamhacha an Athraithe: 'An Bhithéagsúlacht a Spreagadh Trí Oideachas'</u>**

Bunaíodh Clár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir in 2023 agus tá sé á chomhordú ag Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir le tacaíocht ó Éire Ildánach an Chláir agus Leabharlanna an Chláir. Cuireann an tionscnamh ceardlanna bithéagsúlachta ar fáil do bhunscoileanna agus meánscoileanna ar fud Chontae an Chláir atá ag gabháil do théama na 'bithéagsúlachta' mar chuid de Chlár Scoileanna Glasa an Taisce chun a mbratach ghlas a chur chun cinn. Maoiníonn sé ceardlanna bithéagsúlachta a sheachadann speisialtóirí oideachais agus cuireann sé foghlaim chruthaitheach chun cinn

trí réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear léarscáil gnáthóige a fhorbairt ar thailte scoile, sainaithint gnáthóige, saothar ealaíne duilleogach, sainaithint crainn dhúchasacha, sainaithint éan, sainaithint inveirteabrach fionnuisce, samhlacha inveirteabracha a dhéanamh, beathadáin éan a chur ar bun agus clár monatóireachta a cheapadh do dhaltaí chun fiadhúlra ar thalamh scoile a dhoiciméadú agus a mhonatóiriú. Ardaíonn an tionscnamh feasacht na ndaltaí ar an mbithéagsúlacht trí fhoghlaim chruthaitheach. Maoiníodh ceardlanna bithéagsúlachta scoile chomh maith tríd an Scéim Oidhreachta i Scoileanna atá á riar ag an gComhairle Oidhreachta. Le chéile, rinne Clár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir agus an Scéim Oidhreachta i Scoileanna teagmháil le breis is 1200 mac léinn ar fud an Chláir ó 2023 i leith.







| Uimhir an Ghnímh | Gníomhaíocht | Sprioc | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **COLÚN 4: FEASACHT AGUS OIDEACHAS AR BHITHÉAGSÚLACHT A MHÉADÚ DO GHLÚIN AN LAE INNIU AGUS DO NA GLÚNTA ATÁ LE TEACHT** | | | | |
| **CUSPÓIR 4: Feasacht agus meas ar an mbithéagsúlacht a mhúscailt laistigh den chontae trí thionscnaimh oideachais, oiliúna agus for-rochtana.** | | | | |
| **4.1** | **Comhoibriú a dhéanamh le ranna trasfheidhmeacha laistigh de Chomhairle Contae an Chláir (e.g. Turasóireacht, Leabharlanna an Chláir agus an Oifig Feasachta Comhshaoil) chun feasacht ar an mbithéagsúlacht a mhúscailt le linn Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta agus Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh eolaíochta saoránach.** | Comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht a chur chun cinn le linn Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta agus Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta. | • Líon na gcainteanna agus na n-imeachtaí a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch, Turasóireachta, Fhisiciúil agus Tuaithe |
| **4.2** | **Feasacht a mhúscailt agus a chur chun cinn maidir leis an mbithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide le linn Sheachtain na nGníomhartha ar son na hAeráide agus Sheachtain Náisiúnta na gCrann.** | An bhithéagsúlacht a chur chun cinn le linn Sheachtain Náisiúnta na Gníomhartha ar son na hAeráide agus Sheachtain Náisiúnta na gCrann. | • Líon na n-imeachtaí do Sheachtain na Gníomhartha ar son na hAeráide agus do Sheachtain Náisiúnta na gCrann a mbaineann téama bithéagsúlachta leo. | Stiúrthóireacht Fhisiciúil |
| **4.3** | **Tacú le rannpháirtíocht** | Oideachas agus foghlaim a chur | • Líon na gceardlann | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **ghníomhach i gclár Scoileanna Glasa an Taisce agus í a chur chun cinn trí Chlár Bithéagsúlachta Scoileanna an Chláir, tionscnaimh scoile foraoise agus rannpháirtíocht le mic léinn in institiúidí tríú leibhéal.** | chun cinn maidir leis an mbithéagsúlacht. | oideachais bithéagsúlachta a reáchtáladh.<br>• Líon na n-imeachtaí scoile foraoise a fuair tacaíocht. | tacaíocht ón Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Comhshaoil Tuaithe / Páirtithe Leasmhara |
| **4.4** | **Tacú le cur i bhfeidhm Scéim na hOidhreachta i Scoileanna a mhéid a bhaineann sí leis an mbithéagsúlacht.** | Oideachas agus foghlaim a chur chun cinn maidir leis an mbithéagsúlacht i mbunscoileanna. | • Líon na gceardlann bithéagsúlachta i scoileanna a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |
| **4.5** | **Feasacht ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn agus a mhúscailt trí na healaíona i gcomhpháirtíocht le Leabharlanna an Chláir, an Oifig Ealaíon, Éire Ildánach agus eagraíochtaí eile.** | Iarrachtaí for-rochtana a fheabhsú atá dírithe ar fheasacht ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn agus a mhúscailt trí fhoghlaim agus oideachas cruthaitheach. | • Líon na dtionscadal ealaín curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch agus Tuaithe / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |
| **4.6** | **Idirghabhálacha a fhorbairt a dhíríonn ar Speicis Choimhthíocha Ionracha trí oideachas agus feasacht, agus taifeadadh speiceas ionrach sa chontae a chur chun cinn.** | Oiliúint agus feasacht a mhúscailt i measc páirtithe leasmhara agus pearsanra Comhairle Contae an Chláir maidir le speicis choimhthíocha ionracha chun | • An líon imeachtaí oiliúna a sheachadtar.<br>• Comhoibriú agus rannpháirtíochtaí a reáchtáladh le heagraíochtaí tábhachtacha. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch agus Fhisiciúil arna dtacú ag an Stiúrthóireacht Tuaithe / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | bithshlándáil agus dea-chleachtas a chur chun cinn. | | |
| 4.7 | **Feasacht a mhúscailt i measc an phobail faoin gclár oibre bithéagsúlachta trí na meáin, ardáin dhigiteacha ar líne, lena n-áirítear suíomh gréasáin Comhairle Contae an Chláir, foilseacháin, na meáin shóisialta, e.g. 'An Clár Níos Glaise', agus comharthaíocht fiadhúlra a shuiteáil i spásanna poiblí.** | Chun baill den phobal a chur ar an eolas faoi thionscnaimh agus gníomhartha bithéagsúlachta trí ardáin dhigiteacha ar líne agus comharthaíocht. | • Líon na rannpháirtíochtaí sna meáin shóisialta agus na preasráitis.<br>• Comharthaíocht phoiblí fiadhúlra suiteáilte. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| 4.8 | **Próifíl a dhéanamh de ghnáthóga agus speicis Inbhear na Sionainne, Chuan na Gaillimhe agus suíomhanna eile sa chontae agus feasacht a mhúscailt fúthu.** | Próifíliú a dhéanamh ar éin bhogaigh Inbhear na Sionainne agus ar speicis eile a bhfuil imní chaomhnaithe iontu agus feasacht a mhúscailt fúthu. | • Líon na dtionscadal curtha i gcrích.<br>• Reáchtáladh rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla comharsanacha. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| 4.9 | **Leanúint ar aghaidh ag obair le LAWPRO, IFI agus eagraíochtaí ábhartha eile chun feasacht ar éiceachórais uisceacha a chur chun cinn (e.g. uiscebhealaí nádúrtha, conairí bruachánacha agus lochanna).** | Feasacht a mhúscailt ar éiceolaíocht uisceach agus dea-chleachtais a chur chun cinn maidir lenár n-acmhainne fionnuisce a chosaint laistigh den chontae. | • Líon na gcruinnithe agus na gcainteanna a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Eacnamaíoch / LAWPRO / IFI / eagraíochtaí ábhartha eile. |
| 4.10 | **Feasacht a mhúscailt i measc grúpaí pobail, institiúidí oideachais, úinéirí talún agus páirtithe** | Feasacht a chur chun cinn maidir le gnáthóga, speicis agus tionscnaimh atá | • Ábhar acmhainne a fhoilsiú.<br>• Líon imeachtaí a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **leasmhara eile atá ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí tábhachtacha maidir le flóra agus fána an chontae agus tionscnaimh a thacaíonn leis an dúlra (e.g. spéartha dorcha).** | dearfach maidir leis an dúlra sa chontae. | | |
| **4.11** | **Feasacht a mhúscailt agus tábhacht chaomhnaithe speiceas éan (e.g. an tIolar Mara, éin chreiche eile, an Préachán Cosdearg agus éin mhara) i gContae an Chláir a chur chun cinn.** | Aird a tharraingt ar thábhacht chaomhnaithe na n-éan creiche do phobail áitiúla, do mhic léinn agus do ghrúpaí feirmeoireachta. | • Reáchtáladh rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla comharsanacha.<br>• Ábhar acmhainne a fhoilsiú.<br>• Líon imeachtaí a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **4.12** | **Taifeadadh grúpaí speiceas a chur chun cinn agus tacú le staidéir a chuireann bonn eolais faoi stádas caomhnaithe speiceas agus sláinte éiceachórais.** | Feasacht a mhúscailt ar phobail inveirteabracha na hÉireann trí eolaíocht shaoránach agus tacú le taighde eolaíoch chun a stádas caomhnaithe a mheas. | • Líon na gcúrsaí oiliúna agus na gcainteanna a reáchtáladh.<br>• Líon na staidéar eolaíoch a fuair tacaíocht (e.g. suirbhé ar chuileanna Bhealtaine). | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |
| **4.13** | **Feasacht ar an mbithéagsúlacht agus caomhnú na bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm laistigh de 'Chód Cleachtais' uile-chontae na Comhairle maidir le turasóireacht inbhuanaithe i ngnólachtaí turasóireachta an Chláir chun** | Feasacht a mhúscailt ar an mbithéagsúlacht agus rannpháirtíocht agus glacadh le gníomhartha feabhsúcháin na bithéagsúlachta a spreagadh in earnáil ghnó na turasóireachta i gContae an Chláir. | • Ceardlanna um fheasacht ar an mbithéagsúlacht ar freastalaíodh orthu.<br>• Taifead coimeádta den obair a cuireadh le tionscadail bithéagsúlachta áitiúla mar a thomhaistear leis an 'gCód | Stiúrthóireacht na Turasóireachta |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí caomhnaithe agus feabhsúcháin na bithéagsúlachta a spreagadh.** | | Cleachtais' um thurasóireacht inbhuanaithe i ngnólachtaí turasóireachta an Chláir.<br>• Líon na ngníomhartha feabhsúcháin bithéagsúlachta a chuir gnólachtaí an Chláir i gcrích mar a thomhaistear leis an 'gCód Cleachtais' do thurasóireacht inbhuanaithe i ngnólachtaí turasóireachta an Chláir. | |
| **4.14** | **Treoirlínte éiceolaíocha a chur le chéile agus ábhar acmhainní a fhoilsiú (e.g. leabhráin).** | Faisnéis a sholáthar agus oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara maidir leis na cleachtais éiceolaíocha is fearr agus feasacht a chur chun cinn trí ábhar acmhainní a fhoilsiú. | • Líon na n-ábhar acmhainne a táirgeadh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch |

## COLÚN 5: Comhpháirtíochtaí Comhoibríocha a Chothú don Dúlra

**Cuspóir 5: Feabhas a chur ar chomhoibriú i measc na ndaoine uile a ghlacann cur chuige uile-shochaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú laistigh den chontae.**

Chun feabhas a chur ar chomhoibriú i measc na bpáirtithe leasmhara uile chun an bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú laistigh de Chontae an Chláir, is riachtanach cur chuige comhchoiteann, uile-shochaí a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ní mór dul i ngleic le raon leathan grúpaí, lena n-áirítear pobail áitiúla, comhlachtaí rialtais, gnólachtaí, eagraíochtaí comhshaoil, scoileanna, clubanna spóirt, úinéirí talún, feirmeoirí, agus daoine aonair chun oibriú le chéile chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus deiseanna nua a shainaithint chun feabhas a chur ar an dúlra.

*Leagann an cur chuige béim ar an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a aithint mar fhreagracht chomhchoiteann agus iarrachtaí caomhnaithe a chomhtháthú i ngach gné dár ngníomhaíochtaí pobail agus eacnamaíocha ar fud Chontae an Chláir.*

Trí chomhpháirtíochtaí a chothú, eolas a roinnt agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn, is féidir le muintir an Chláir iarracht níos comhordaithe a chruthú chun an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú. Sa deireadh thiar, tá sé mar aidhm ag an iarracht chomhoibríoch seo a chinntiú go gcosnaítear an bhithéagsúlacht agus go dtacaítear le folláine shóisialta laistigh de phobail an chontae ag an am céanna.

**Cás-Staidéar 5 'Creideamh sa Dúlra:' Athbheochan Reiligí an Chláir ar mhaithe leis an mBithéagsúlacht'**

Is tionscnamh píolótach ceannródaíoch é 'Tionscadal Bithéagsúlachta Eaglais an Chláir um Fhilleadh ar an Dúlra' arna maoiniú ag Comhairle Contae an Chláir agus ag an gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil, agus atá á threorú trí ról Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir. Forbraíodh an tionscadal in 2023, agus comhoibríonn sé le Deoisí Chill Dá Lua, Laudato Sí Éireann agus 18 ngrúpa pobail ar fud 16 pharóiste chun gníomhartha bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ar thalamh eaglaise. I measc na ngníomhartha, bhí cruthú móinéir bláthanna fiáine ar fhaichí eaglaise, boscaí neadaireachta a shuiteáil ar struchtúir eaglaise don Ghabhlán Gaoithe atá ar an liosta dearg, boscaí neadaireachta ialtóg a shuiteáil, crainn agus bolgáin dhúchasacha a thacaíonn le pailneoirí a chur, boird éan agus beathadáin éan a chur suas agus oibriú le feirmeoirí comharsanachta chun boscaí neadaireachta a shuiteáil don scréachóg reilige. Oibríonn an tionscadal i ndlúthchomhar le Cairde Éanlaith Éireann, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann, Botháin na bhFear, scoileanna, saineolaithe bithéagsúlachta, feirmeoirí, agus cuireann sé cúrsaí oiliúna ar fáil chun scileanna pobail áitiúla a fheabhsú. Tá tailte na heaglaise athraithe ina dtearmainn fiadhúlra agus anois tá magairlíní agus bláthanna fiáine ar nós an Magairlín Corraigh, Magairlín na mBeach, Nuacht Bhallach Choiteann, an Nóinín Mór agus Duáinín an tSeanchais iontu. Ag cur leis an rath 2024, cláraíodh paróistí breise in 2025 agus tá 23 eaglais ar fud an Chláir anois ag gabháil do ghníomhartha ar son na bithéagsúlachta ar thalamh eaglaise, ag leanúint le misean téarnaimh an dúlra agus maoirseachta comhoibríche.


'Return To
Nature' Clare
Church
Biodiversity
Project


'Return To
Nature' Clare
Church
Biodiversity
Project


This Area is Managed as a
Nectar and Pollen Source
for Declining Pollinators





| Uimhir an Ghnímh | Gníomhaíocht | Sprioc | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|---|
| **COLÚN 5: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ COMHOIBRÍOCHA A CHOTHÚ DON DÚLRA** | | | | |
| **CUSPÓIR 5: Feabhas a chur ar chomhoibriú i measc na bpáirtithe leasmhara uile a ghlacann cur chuige uile-shochaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú laistigh den chontae.** | | | | |
| **5.1** | **Leanúint ar aghaidh ag obair le pobail chreidimh chun gníomhartha bithéagsúlachta a dhéanamh ar thailte** | Rannpháirtíocht phobail a chur chun cinn chun gníomhartha bithéagsúlachta a dhéanamh in áiteanna atá | • Líon na dtionscadal bithéagsúlachta atá críochnaithe, agus líon na | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **eaglaise, reiligí agus tailte paróiste.** | lárnach i saol an phobail. | bpobal atá cláraithe. | |
| **5.2** | **Comhoibriú le clubanna spóirt áineasa, gnólachtaí agus scoileanna chun gníomhartha bithéagsúlachta a dhéanamh agus eolaíocht shaoránach a chur chun cinn.** | Rannpháirtíocht, feasacht agus gníomhartha feabhsúcháin bithéagsúlachta a chur chun cinn trí chomhpháirtíochtaí nua sa phobal. | • Líon na dtionscadal bithéagsúlacht curtha i gcrích. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch agus Fhisiciúil arna dtacú ag an Stiúrthóireacht Shóisialta |
| **5.3** | **Oibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha (úinéirí talún, eagraíochtaí neamhrialtasacha, pobail áitiúla agus grúpaí ábhartha eile) i gcaomhnú gnáthóg leathnádúrtha (e.g. crainn dhúchasacha, fálta sceach) agus glacadh le scéimeanna a bhaineann leas na bithéagsúlachta a chur chun cinn (e.g. Scéimeanna Coillte Dúchasacha na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara).** | Luach a chur ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus scéimeanna a chur chun cinn a chuireann feabhas ar an mbithéagsúlacht sa chontae. | • An líon cainteanna a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe leasmhara seachtracha |
| **5.4** | **Tacú le heagraíochtaí muirí agus eagraíochtaí cois cósta chun comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú i limistéir mhuirí ag obair i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha chun bithéagsúlacht** | Comhghuaillíocht straitéiseach a chothú i limistéar muirí amháin ar a laghad inar féidir le limistéar muirí faoi chosaint amach anseo a bheith éifeachtach agus cuimsitheach. | • Líon na n-imeachtaí poiblí a reáchtáladh agus a ndearnadh freastal orthu.<br>• Líon na rannpháirtíochtaí sna meáin shóisialta agus na preasráitis. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna / Páirtithe Leasmhara Seachtracha Eile |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **mhuirí, bailiú sonraí agus gníomhartha bainistíochta a chur chun cinn.** | | • Líon na mball pobail a chuireann le cartlann na cuimhne sóisialta.<br>• Líon na bhfoilseachán curtha i gcrích.<br>• Líon na dtaifead bailíochtaithe a taifeadadh maidir le míolta móra agus deilfeanna.<br>• Tionscnaimh eolaíochta saoránach (e.g. Coastwatch, IWDG) a cuireadh chun cinn agus a cuireadh i bhfeidhm.<br>• Líon na dtuarascálacha eolaíochta a cuireadh i gcrích. | |
| **5.5** | **Comhoibriú agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí sa chontae trí oiliúint bithéagsúlachta a chur ar fáil do phobail áitiúla, d'úinéirí talún agus d'fheirmeoirí agus, nuair is féidir, tacú le féilte agus imeachtaí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht.** | Oiliúint agus feasacht ar an mbithéagsúlacht a mhéadú i measc grúpaí pobail áitiúla, úinéirí talún agus feirmeoirí. | • Líon na gceardlanna oiliúna /imeachtaí for-rochtana a reáchtáladh.<br>• Líon na bhféilte téamacha bithéagsúlachta ar tacaíodh leo | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.6** | **Pobail áitiúla (e.g. Na Bailte Slachtmhara, grúpaí leasmhara áitiúla) a chur chun cinn agus teagmháil a dhéanamh leo chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Pobail a fhorbairt, tacú le tionscnaimh bithéagsúlachta, comhairle a chur ar fáil maidir le sruthanna maoinithe agus tionscnaimh eolaíochta saoránach a spreagadh ar an leibhéal áitiúil.** | Líon na bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Pobail sa chontae a mhéadú i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023-2031, deiseanna maoinithe bithéagsúlachta a chur chun cinn agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh eolaíochta saoránach a mhéadú. | • Líon na gcruinnithe a reáchtáladh<br>• An líon imeachtaí oiliúna a sheachadtar. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch le tacaíocht ón Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Comhshaoil Tuaithe / Páirtithe Leasmhara |
| **5.7** | **Dul i mbun oibre le pobail áitiúla, úinéirí talún, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile agus tacú leo chun Páirc Náisiúnta Bhoirne, na tearmann fiadhúlra go léir, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta, anaclanna dúlra agus na sruthchúrsaí nádúrtha a chosaint, agus a luachanna oideachais agus caomhnaithe a fheabhsú agus a chur chun cinn.** | An acmhainn nádúrtha seo a chosaint laistigh den chontae agus a chinntiú go gcuirtear tábhacht chaomhnaithe na limistéar seo chun cinn. | • An líon imeachtaí a reáchtáladh. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch, ar fud na Comhairle / An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.8** | **I gcás inar féidir, tacú le tionscadail de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta (EIP) atá faoi stiúir áitiúil agus náisiúnta, Cláir LIFE agus Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta agus gabháil leo nuair is féidir.** | Tacú le tionscnaimh arna maoiniú ag an Eoraip agus ag an leibhéal náisiúnta a chuireann gníomhartha chun cinn chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta sa chontae. | • Líon na dtionscadal ar tacaíodh leo.<br>• Cruinnithe a reáchtáladh le páirtithe leasmhara. | Stiúrthóireacht Fhisiciúil agus Eacnamaíoch / Páirtithe Leasmhara |
| **5.9** | **Leanúint ar aghaidh i mbun comhoibrithe agus comhpháirtíochta le baill d'Fhóram Bithéagsúlachta an Chláir chun comhairle a chur ar fáil agus gníomhartha a chur i gcrích faoi Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bhFóram Oidhreachta.** | Aiseolas agus cúnamh a sholáthar i gcur i bhfeidhm agus i monatóireacht Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031 | • Líon chruinnithe an Fhóraim Oidhreachta a reáchtáladh.<br>• Gníomhartha déanta chun cabhrú le cur i bhfeidhm an phlean. | Stiúrthóireacht Eacnamaíoch, Fhisiciúil agus Tuaithe / Páirtithe Leasmhara Seachtracha |



## Cur i bhFeidhm, Monatóiriú agus Tuairisciú an Phlean

**Cur i bhFeidhm, Monatóireacht, Tuairisciú agus Acmhainní an Phlean**

Ullmhóidh Comhairle Contae an Chláir plean tionscadail bliantúil de thionscadail agus tionscnaimh bithéagsúlachta a bheidh le déanamh i ngach bliain faoi seach i rith shaolré an phlean seo. Áireofar leis seo plean cur chun feidhme agus monatóireachta ina sainaithnítear spriocanna agus garspriocanna tábhachtacha laistigh d'amlínte ama sonraithe an tionscadail. Déanfar maoiniú a fhoinsiú agus a fháil chun a chinntiú go gcuirfear Clár Oibre na Bithéagsúlachta bliantúil i bhfeidhm chun seachadtaí agus aschuir tionscadail a bhaint amach go tráthúil, agus iad i gcomhréir le gníomhartha an phlean. Déanfaidh an tOifigeach Bithéagsúlachta maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht. Cuirfidh Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir aiseolas agus cúnamh ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an phlean agus monatóireacht a dhéanamh air. Cuirfidh an fóram deis ar fáil le haghaidh tras-chomhoibrithe agus comhpháirtíochta i measc bhaill an fhóraim. Tá príomhtháscaire feidhmíochta (PTF) amháin ar a laghad ag gabháil le gach gníomh laistigh den Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chuireann ar ár gcumas dul chun cinn ina gcur chun feidhme a thomhas. Cuireann an plean comhoibriú leis na páirtithe leasmhara uile chun cinn chun cur chuige uile-shochaí a ghlacadh maidir le bithéagsúlacht Chontae an Chláir a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn**

Ullmhóidh Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae an Chláir tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le gnníomhartha an phlean a chur i gcrích. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach na Comhairle agus cuirfear i láthair í don Choiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta laistigh de Chomhairle Contae an Chláir. Cuirfear dul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta san áireamh in aighneacht bhliantúil Chomhairle Contae an Chláir faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023 a cheanglaíonn ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a chur isteach maidir lena fheidhmíocht i dtaca lena ngealltanas faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, 2023-2031.

**Foirm um Dhualgas na Bithéagsúlachta**

Cuireann an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023 bonn reachtúil faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2025-2031. Tá oibleagáid ar údaráis áitiúla aird a thabhairt ar chuspóirí agus spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus a bhfeidhmeanna á mbaint amach. Tá suirbhé ar líne forbartha ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun ligean do chomhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Déanfar tuairisciú bliantúil ar na gníomhartha atá leagtha amach faoi Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht, 2025-2031 (arna dtacú ag an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht) le hionchur ó stiúrthóireachtaí tras-rannacha laistigh de Chomhairle Contae an Chláir. Déanfaidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an fhaisnéis a chuirfidh an Chomhairle ar fáil a bhailiú agus

cuirfidh sí le bonn eolais a chur faoin athbhreithniú cur chun feidhme ar an 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Baill Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir

| Ball den Fhóram | Eagraíocht | Ról |
|---|---|---|
| An Clr. Colleran Molloy | Comhairle Contae an Chláir | Ionadaí Poiblí |
| An Clr Gabriel Keating | Comhairle Contae an Chláir | Ionadaí Poiblí |
| An Clr Dinny Gould | Comhairle Contae an Chláir | Ionadaí Poiblí |
| Barry O'Loughlin | Comhairle Contae an Chláir | Oifigeach Bithéagsúlachta |
| Congella McGuire | Comhairle Contae an Chláir | Oifigeach Oidhreachta |
| Candace Ingram | Comhairle Contae an Chláir | Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Helen Quinn | Comhairle Contae an Chláir | Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Karen Foley | Comhairle Contae an Chláir | Oifigeach Feasachta Comhshaoil |
| Kenneth Reid | Comhairle Contae an Chláir | Oifigeach Iarchéime um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| Helen Walsh | Comhairle Contae an Chláir | Leabharlannaí an Chontae |
| Helen Carty | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | Oifigeach Caomhnaithe Ceantair (An Clár) |
| Stephen Walsh | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann | Cathaoirleach Bhrainse an Chláir d'Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| John Lusby | Cairde Éanlaith Éireann | Oifigeach/Bainisteoir Tionscadail um Éin Chreiche |
| Ian Hutchinson | Coillte | Foraoiseoir |
| Don Cullinan | Coiste Baile Slachtmhara Inse | Comhalta den Choiste |

| | | |
|---|---|---|
| Jonathan Coates Farrell | Iascach Intíre Éireann | Cigire Iascach Intíre Éireann do Chontae an Chláir |
| Brendan Dunford | Iontaobhas Burrenbeo | Rúnaí |
| Declan Murphy | Teagasc | Comhairleoir Comhshaoil & Teicneolaíochta/Comhairleoir Inbhuanaitheachta & Tacaíochta Talmhaíochta |
| Sarah Hegarty | Scoileanna Glasa (An Taisce) | Oifigeach Taistil na Scoileanna Glasa (An Clár) |
| Tony Walsh | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chláir | Ionadaí an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí |
| Simon Berrow | An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna | Príomh-Oifigeach Eolaíochta |
| Karen Kelleher | Club Gasóga an Chláir | Coimisinéir Contae/Comhordaitheoir Cláreagraithe an Chontae |
| Linda Lynch | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | Seandálaí |
| Leah Ní Thailtigh | An Clár as Gaeilge | Oifigeach Pleanála Teanga |

## Aguisín 2: Achoimre ar Dhoiciméid Beartas Straitéiseach a threoraíonn Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031

<table>
<tr><th colspan="2">Doiciméid Beartas Straitéiseach a threoraíonn Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031</th></tr>
<tr><td>Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht</td><td>Ag ‘Cruinniú Mullaigh na Cruinne’ de chuid na Náisiún Aontaithe i Rio de Janeiro in 1992, bunaíodh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht. Shínigh Éire an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht i 1996, an bhliain a osclaíodh é agus rinne Éire é a dhaingniú i 1996. Déanann téacs an choinbhinsiún agus na cinntí arna nglacadh go comhchoiteann ag na Páirtithe ag cruinnithe leathbhliantúla (Comhdháil na bPáirtithe (COPanna) creat dlíthiúil domhanda a sholáthar le haghaidh gníomhartha chun an domhan nádúrtha a chosaint ar mhaithe le beatha uile an Domhain. Is iad príomhaidhmeanna an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht ná:<br><br>• caomhnú na bithéagsúlachta,<br>• úsáid inbhuanaithe a chomhpháirteanna agus<br>• comhroinnt chóir agus chothromasach na sochar a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha.<br><br>Is í an phríomh-mheicníocht trína gcuirtear an comhaontú domhanda seo i bhfeidhm ná trí Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.</td></tr>
<tr><td>Straitéis AE um Bithéagsúlacht 2030</td><td>Is plean cuimsitheach í Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030 a bhfuil sé mar aidhm aici stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a aisiompú faoi 2030 agus é mar sprioc aige 30% de limistéir talún agus farraige a chosaint, an dúlra agus éiceachórais san Eoraip a athbhunú, úsáid lotnaidicídí a laghdú agus a chinntiú go ndéantar an bithéagsúlacht a chomhtháthú i gcleachtais iascaigh, talmhaíochta agus foraoiseachta. Is é cuspóir Straitéis Bithéagsúlachta an AE a chinntiú go mbeidh bithéagsúlacht na hEorpa ar an mbóthar chun téarnaimh faoi 2030 chun leasa na ndaoine, an phláinéid, na haeráide agus a geilleagair. Áirítear leis an straitéis sprioc chun plean uaillmhianach athchóirithe dúlra a chruthú. Beidh ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúla maidir leis an straitéis a chomhtháthú ar an leibhéal áitiúil trí bhithéagsúlacht a chomhtháthú i mbeartais agus i bpróisis phleanála.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **An tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN)** | Is é an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra an t-údarás domhanda ar stádas an domhain nádúrtha agus na bearta is gá chun é a chosaint, lena n-áirítear stádas caomhnaithe domhanda speiceas ainmhithe, fungais agus plandaí. Ceann de phríomhfheidhmeanna an IUCN is ea monatóireacht a dhéanamh ar stádas domhanda na speiceas trína 'Liosta Dearg'. Is uirlis mheasúnaithe thábhachtach í chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht maidir le caomhnú na bithéagsúlachta agus athrú beartais, agus soláthraíonn sí faisnéis faoi raon, méid daonra, gnáthóg agus éiceolaíocht, úsáid agus/nó trádáil, bagairtí agus gníomhartha caomhnaithe. Úsáidtear Liosta Dearg an IUCN agus liostaí réigiúnacha na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun speicis a mheasúnú agus tosaíocht a thabhairt dóibh chun críocha caomhnaithe a bheidh ábhartha do *Phlean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht.* |
| **An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (NBAP) 2023- 2030** | Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030 gníomhartha trína ndéanfaidh an rialtas, na hearnálacha sibhialta agus príobháideacha 'Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht' a bhaint amach. Tá cúig chuspóir fhoriomlána i NBAP:<br>• Cuspóir 1: Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, UileShochaí i leith na Bithéagsúlachta<br>• Cuspóir 2: Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe<br>• Cuspóir 3: Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú<br>• Cuspóir 4: Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht<br>• Cuspóir 5: Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú<br>Is doiciméad straitéiseach ardleibhéil é an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, agus tá cuid mhaith dá ghníomhartha dírithe ar leibhéal na n-údarás áitiúil, agus déanann sé iarracht cur chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí a bhaint amach i leith rialachas agus caomhnú na bithéagsúlachta. Faoi Chuspóir 1, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil "Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil glactha ag gach Údarás Áitiúil faoi dheireadh 2026 faoi réir athbhreithniú |

| | |
|---|---|
| | rialta agus próisis leasaithe i gcomhréir le treoirlínte caighdeánacha ábhartha". |
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | Leagtar amach cúig phrionsabal straitéiseacha i bPlean Forbartha Chontae an Chláir 2023-2029, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, trí chomhtháthú breithnithe eacnamaíocha, comhshaoil, sóisialta agus cultúrtha i mbeartais agus i gcuspóirí a spreagadh, gníomhaíocht ar son na haeráide trí chur i bhfeidhm an Chreat Náisiúnta Pleanála, agus teacht aniar chun a chinntiú go mbaintear spriocanna amach. Cuirtear na straitéisí seo i bhfeidhm laistigh den chomhthéacs reachtaíochta agus beartais atá daingnithe ag Éirinn, lena n-áirítear Treoir an AE maidir le hÉin, Treoir an AE maidir le Gnáthóga agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030, agus pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta náisiúnta agus contae. Díríonn na codanna den Phlean Forbartha Contae a bhaineann le bithéagsúlacht, oidhreacht, bonneagar glas agus comhshaol ar roinnt réimsí tábhachtacha chun a chinntiú go mbaintear forbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil amach. Tá 30 cuspóir straitéiseach bithéagsúlachta i gCaibidil 15 de Phlean Forbartha an Chontae. |
| **Plean Oidhreachta Contae an Chláir 2024-2030** | Leagtar amach i bPlean Oidhreachta Chontae an Chláir 2024-2030 tiomantas Chomhairle Contae an Chláir chun oidhreacht shaibhir an chontae a chosaint agus a fheabhsú thar thréimhse sé bliana. Forbraíodh an plean seo, an ceathrú ceann dá leithéid, mar fhreagairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le cailliúint na bithéagsúlachta agus athrú aeráide, agus tá sé mar aidhm aige cur le rath na bpleananna roimhe seo. Cuireadh an Plean Oidhreachta le chéile le hionchur fairsing ó Fhóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta an Chláir, pobail áitiúla, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne trí shraith comhairliúchán agus imeachtaí poiblí. Tugann Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae an Chláir 2025-2031 aird ar na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Oidhreachta a mhéid a bhaineann siad le hoidhreacht nádúrtha Chontae an Chláir. |
| **Plean Gníomhaíochta an Chláir ar son na hAeráide 2024-2029** | Is plean cúig bliana é Plean Gníomhaíochta an Chláir ar son na hAeráide 2024-2029, atá faoi thaca ag an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar son na hAeráide, agus leagann sé amach príomhghníomhartha a thacóidh le Contae an Chláir agus é ag aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Tá 15 ghníomh a bhaineann go sonrach leis an |

| | |
|---|---|
| | timpeallacht nádúrtha i bPlean Gníomhaíochta an Chláir ar son na hAeráide 2024-2029 a bhfuil sé mar aidhm acu an bhithéagsúlacht agus an oidhreacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí ghníomhartha éifeachtacha a bhaineann leis an aeráid a chur i bhfeidhm. |
| **An Bhithéagsúlacht - Plean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide (2019)** | Cuireann 'An Bhithéagsúlacht - Plean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide' leis na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Aeráide Pháras 2015. Tacaíonn an plean le ról agus le rannchuidiú na bithéagsúlachta i leith sláinte, folláine agus forbairt inbhuanaithe. Tá 17 ngníomh ann a bhaineann le húdaráis áitiúla ar fud na sé chuspóir fhoriomlána atá sa phlean, lena n-áirítear:<br>• Cuspóir 1: An Bhithéagsúlacht a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú chun athléimneacht na gcóras nádúrtha agus an duine a mhéadú in aghaidh an athruithe aeráide;<br>• Cuspóir 2: An tuiscint ar thionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú;<br>• Cuspóir 3: Feabhas a chur ar nascacht an tírdhreacha chun an tsoghluaisteacht a éascú i dtimpeallacht atá ag athrú;<br>• Cuspóir 4: Dul i dteagmháil leis an bpobal agus le gach uile earnáil chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus chun cur leis an athléimneacht;<br>• Cuspóir 5: A chinntiú go bhfuil maoiniú leordhóthanach ar fáil chun an Plean Oiriúnaithe um an Athrú Aeráide don Bhithéagsúlacht a chur i bhfeidhm; agus<br>• Cuspóir 6: Bearta monatóireachta agus meastóireachta leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean um an Athrú Aeráide don Bhithéagsúlacht. |
| **Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028** | Tá sé cholún straitéiseach mar bhonn agus taca ag Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023–2028; Ceannaireacht agus Maoirseacht; Athrú Aeráide agus Caillteanas na Bithéagsúlachta; Taighde; Comhpháirtíocht; Pobail; Oideachas agus Rannpháirteachas. Faoin gcolún foriomlán um Athrú Aeráide agus Caillteanas na Bithéagsúlachta, áirítear sa phlean an fhoráil chun comhoibriú a dhéanamh le húdaráis áitiúla, leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, agus chun líonra d'Oifigigh Bithéagsúlachta a fhorbairt i ngach údarás |

| | |
|---|---|
| | áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an bplean freisin a chinntiú go mbunófar scéimeanna deontas chun cosaint na bithéagsúlachta a spreagadh agus chun ról an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta mar ghné lárnach de bhonneagar oidhreachta nádúrtha na hÉireann a chinntiú. |
| **Plean Gníomhaíochta Uisce Náisiúnta d'Éirinn 2024** | Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024: Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn straitéis na hÉireann maidir le haibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cois cósta a chosaint agus a athbhunú faoin tríú timthriall de Chreat-Treoir Uisce an AE. Cuireann sé le pleananna roimhe seo trí bhainistíocht chomhtháite abhantraí a fheabhsú, uaillmhian chomhshaoil a mhéadú, fianaise a neartú agus acmhainní tiomnaithe a chinntiú. Tacóidh athbhreithniú ar acmhainní na nÚdarás Áitiúil lena ról i dtaca le hiarrachtaí maidir le cáilíocht uisce. Leanfaidh Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) de rannpháirteachas áitiúil agus comhairliúchán le pobail a spreagadh. Táthar tar éis clár beart a dhréachtú, ag díriú ar chosaint agus athchóiriú uisce, maolú agus oiriúnú na bithéagsúlachta agus an athraithe aeráide ar fud na 31 Údarás Áitiúil go léir. |
| **Tionscadal Éireann 2040: An Creat Pleanála Náisiúnta** | Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) plean straitéiseach fadtéarmach na hÉireann le haghaidh fáis agus forbartha suas go dtí 2040. Tá sé mar aidhm aige forbairt réigiúnach a mhúnlú, fás daonra a bhainistiú, agus infheistíocht i mbonneagar, i dtithíocht agus i seirbhísí a threorú. Cuireann an NPF dlúthfhás inbhuanaithe chun cinn i gcathracha, i mbailte agus i gceantair thuaithe, ag laghdú leathadh uirbeach agus ag cosaint an chomhshaoil. Lorgaíonn sé forbairt réigiúnach chothrom trí phríomhstraitéisí réigiúnacha agus tá sé ailínithe le spriocanna gníomhaíochta aeráide. |
| **Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt 2019-2031** | Soláthraíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch an creat straitéiseach d'fhorbairt réigiúnach i Réigiún an Deiscirt. Is é a phríomhsprioc Tionscadal Éireann 2040, an Creat Náisiúnta Pleanála, a chur i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach, agus fás cothrom agus inbhuanaithe a chinntiú ar fud an réigiúin. Tá Contae an Chláir ar cheann de naoi gcontae atá san áireamh i réigiún an deiscirt. Mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise, forbraíodh an Creat um Bonneagar Gorm Glas agus Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra thar ceann Thionól Réigiúnach an Deiscirt mar chuid de Thionscadal Cathracha Gorma Glasa Interreg na hEorpa. Cuireann an Creat seo acmhainn ar fáil d'Údaráis Áitiúla, do lucht cinnteoireachta agus d'fhorbróirí atá ag obair sa réigiún. |

| | |
|---|---|
| **An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) 2021-2025** | Is tionscnamh comhoibríoch agus plean gníomhaíochta comhroinnte é an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a bhfuil sé mar aidhm aige meath na bpailneoirí ar fud oileán na hÉireann a aisiompú. Sainaithnítear sa dara leagan seo den AIPP 186 gníomh san iomlán. Tá sé chuspóir ag an AIPP a bhfuil sé mar aidhm leo talamh feirme, talamh poiblí agus talamh príobháideach a dhéanamh tacúil do phailneoirí, Straitéis Beacha Meala Uile-Éireann, caomhnú pailneoirí neamhchoitianta, agus comhordú straitéiseach an phlean. Leagann an plean béim ar bhia agus foscadh a sholáthar ar fud gach cineál talún chun tacú le daonraí pailneoirí. Cláraigh Comhairle Contae an Chláir mar Chomhpháirtí Oifigiúil na Comhairle de 'Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí' (2020) Aithníonn an AIPP go bhfuil ról ceannródaíoch ag comhairlí maidir lena dtalamh a dhéanamh níos tacúla do phailneoirí. |
| **An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: Pleananna Freagartha do Bhagairtí agus Plean Gníomhaíochta um Chonair Ithreach agus Cloch maidir le Speiceas Eachtrannach Ionrach 2023-2027** | Tá roinnt Pleananna Freagartha Bagairtí forbartha ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun dianchóras cosanta a bhunú do speicis atá liostaithe in Aguisín IV den Treoir maidir le Gnáthóga. Tugann na pleananna trí bliana seo sonraí faoi raon, dáileadh, gnáthóg, bagairtí, gníomhartha riachtanacha, páirtithe freagracha agus amlínte gach speicis. Áirítear i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae an Chláir 2025–2031 aird ar na Pleananna Freagartha Bagairtí atá foilsithe faoi láthair: an *Plean Gníomhaíochta maidir le Speicis Crú-Ialtóg Bheag 2022–2026* agus an *Plean Freagartha ar Bhagairtí ar Phréachán na gCearc 2024–2028*. Tá na pleananna uile ar fáil i bhFoilseacháin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.<br><br>Pléitear sa *Phlean Gníomhaíochta um Chonair Ithreach agus Cloiche do Speicis Ionracha Eachtracha 2023–2027* scaipeadh neamhbheartaithe speiceas coimhthíoch ionrach agus leagtar amach ann freagrachtaí faireachais na n-údarás áitiúil. Leagtar amach sa phlean an ról atá ag údaráis áitiúla i dtéarmaí faireachais ar speicis choimhthíocha ionracha. |

## Aguisín 3: Achoimre ar na Creata Reachtaíochta a threoraíonn Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031

| **Ionstraimí Reachtúla a threoraíonn Plean Gníomhaíochta Contae an Chláir um Bithéagsúlacht 2025-2031** | |
|---|---|
| **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 go 2021** | Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le Caomhnú Gnáthóga Nádúrtha agus Fána agus Flóra Fiáine) stádas fabhrach caomhnaithe gnáthóg agus speiceas atá spéisiúil don phobal ar fud na hEorpa a choinneáil nó a athbhunú. Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE maidir le Caomhnú Éan Fiáin) gach éan fiáin san AE a chaomhnú trí rialacha a leagan amach maidir lena gcosaint, a mbainistíocht agus a rialú. Déantar an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin a thrasuíomh i reachtaíocht na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477/2011) (arna leasú). Faoi Rialachán 27 de Rialacháin 2011, tá sé de dhualgas ar gach údarás poiblí meath gnáthóg nádúrtha agus speiceas atá faoi chosaint na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a sheachaint, agus a bhfeidhmeanna agus a gcumhachtaí reachtúla a fheidhmiú i gcomhréir le ceanglais na dTreoracha. Ceanglaítear ar phleananna agus tionscadail cloí le hAirteagal 6(3) agus, i gcás inar gá, le hAirteagal 6(4), den Treoir maidir le Gnáthóga chun a chinntiú go ndéantar Measúnacht Chuí i ndáil le hoibreacha, pleananna agus tionscadail a bhfuil seans ann go mbeidh tionchar acu ar láithreáin Eorpacha (SACanna agus SPAnna), bíodh sé sin go díreach nó go hindíreach nó i gcomhar le haon phlean(anna) nó tionscadal(anna) eile. |
| **An tAcht um Fhiadhúlra 1976 go 2023 (arna leasú)** | Is é an príomhreachtaíocht a bhaineann le caomhnú agus cosaint fiadhúlra in Éirinn ná an tAcht um Fhiadhúlra 1976, atá leasaithe ag an Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000, agus na hAchtanna um Fhiadhúlra (Leasú) 2010, 2012, 2021 agus 2023. Faoi láthair, tugtar stádas cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra do gach speiceas éan, 22 speiceas ainmhithe eile nó grúpa speiceas agus 86 speiceas flóra. Is é an tAcht um Fhiadhúlra 1976 go 2023 an bunús le hainmniú Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) agus limistéir atá ainmnithe mar gheall ar láithreacht gnáthóg agus speiceas a bhfuil luach caomhnaithe leo. Éilíonn an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023 ar gach comhlacht poiblí bithéagsúlacht a chur san áireamh ina bpleananna, ina mbeartais, ina ngníomhartha agus ina gcinntí agus áirítear leis dualgas reachtúil nua ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Ní mór faisnéis a bheith sa tuarascáil seo faoi na bearta a glacadh agus an dul chun cinn atá déanta ag an gcomhlacht poiblí i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht nó le Straitéis. |
| **Dlí Athchóirithe Dúlra an AE 2024** | Glacadh leis an Dlí um Athbhunú an Dúlra i gComhairle an Aontais Eorpaigh in 2024 agus is píosa reachtaíochta suntasach é a mbeidh |

| | |
|---|---|
| | tionchar suntasach aige ar iarrachtaí caomhnaithe na bithéagsúlachta in Éirinn. Is gné lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de Straitéis Bithéagsúlachta an AE an dlí seo. Leagtar amach ann spriocanna atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun 20% ar a laghad de limistéir talún agus farraige an AE a athchóiriú faoi 2030, agus gach éiceachóras a bhfuil gá lena athchóiriú faoi 2050. Is é a phríomhchuspóir ná éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú ar fud an AE, ag díriú ar na cinn a bhfuil an acmhainneacht is airde acu chun carbóin a ghabháil agus a stóráil agus tionchar tubaistí nádúrtha a laghdú. Tá sé dírithe go sonrach ar bhogaigh, foraoisí, féarthalamh, aibhneacha agus lochanna, fraochmhá agus scrobarnach, gnáthóga creagacha, dumhcha, pailneoirí, éiceachórais uirbeacha, éiceachórais talmhaíochta, éiceachórais mhuirí agus nascacht abhann. |
| **An tOrdú um Flora (Cosaint) 2015** | De réir an Ordaithe um Flóra (Cosaint), tá sé mídhleathach speicis liostaithe a ghearradh, fréamhacha a bhaint nó a dochar a dhéanamh dó. Tá sé mídhleathach a ngnáthóga a athrú, dochar a dhéanamh dó nó cur isteach air ar aon bhealach. Ní féidir na plandaí agus a síol a dhíol. Baineann an chosaint seo le cibé áit a bhfaightear na plandaí seo, bíodh sé laistigh nó lasmuigh de shuíomh ainmnithe. Tá an liosta reatha de speicis plandaí atá faoi chosaint Alt 21 den Acht um Fhiadhúlra 1976-2023 (arna leasú) leagtha amach san Ordú um Flora (Cosaint) 2015, a chuireann in ionad orduithe a rinneadh i 1980, 1987 agus 1999. |
| **An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2024 (arna leasú)** | Leagtar amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) creat bunúsach an chórais bainistíochta forbartha agus toilithe. Soláthraíonn sé bunús reachtúil chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus áirítear ann foráil chun Measúnuithe Tionchair Chomhshaoil agus Measúnuithe Cuí a dhéanamh. Tá cineálacha áirithe forbartha ann atá díolmhaithe ón gceanglas cead pleanála a fháil, mar shampla, má fhorbraítear iad faoi achtachán eile. Mar sin féin, de ghnáth caillfidh forbairt dhíolmhaithe a stádas díolmhaithe má bhíonn gá le MTT nó AA. Faoin Acht, tá sé éigeantach go n-áireofar i bpleananna forbartha cuspóirí chun an comhshaol a chaomhnú agus a chosaint. Ní mór cosaint na hoidhreachta nádúrtha agus caomhnú agus cosaint suíomhanna ainmnithe a bheith san áireamh leis seo. |
| **An Chreat-Treoir Uisce** | Soláthraíonn an Creat-Treoir Uisce (Treoir 2000/60/CE) creat chun gach comhlacht uisce laistigh de gach ballstát Eorpach a chosaint, lena n-áirítear aibhneacha, cóstaí, uisce talún, lochanna agus inbhir. Is é cuspóir an Chreat-Treorach Uisce stádas éiceolaíoch ‘Maith’ a athbhunú do gach comhlacht uisce agus a chinntiú nach dtarlaíonn aon mheath. Ritheann an Treoir um Fhorbairt Uisce i dtimthriall 6 bliana: bhí an chéad cheann ar siúl ó 2009 go 2015, an dara ceann idir 2016 agus 2021, agus ritheann an tríú timthriall reatha ó 2022 go 2027. Tá spriocanna foriomlána chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce faoin timthriall reatha den Chreat-Treoir Uisce (CTU) |

| | |
|---|---|
| | d'Éirinn ar fad leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022 go 2027. Tá 5 abhantrach i gContae an Chláir nó tá forluí idir na 5 abhantrach: Abhantrach Cuan Mal Bay, Abhantrach Inbhear na Sionainne Thuaidh, Abhantrach Chuan na Gaillimhe Thoir Theas, Abhantrach na Sionainne íochtaraí (Loch Deirge) (25C) agus Abhantrach na Sionainne Íochtaraí agus na Maoilchearna (25D). |
| **Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (Treoir SEA)** | Tagraíonn an Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil do Threoir 2001/42/CE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol agus cuirtear i bhfeidhm í in Éirinn trí Ionstraimí Reachtúla (IRnna) Uimh. 435 agus Uimh. 436 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Clár Áirithe) 2004 (arna leasú le IR Uimh. 200 agus 201 de 2011). Ós rud é go bhféadfadh tionchar suntasach comhshaoil a bheith ag Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúla, tá sé mar aidhm ag an bpróiseas measúnaithe sainaithint a dhéanamh ar na tionchair féideartha agus ar conas a d'fhéadfaí tionchar diúltach a mhaolú. |
| **Treoir an Mheasúnaithe Tionchair Chomhshaoil (MTC)** | Tá Measúnacht Tionchair Chomhshaoil ag teastáil faoin Treoir EIA 2014/52/AE, arb é an leasú is déanaí é ar Threoir chódaithe 2011/92/AE maidir le measúnú éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideacha áirithe ar an gcomhshaol. Tá an Treoir ceaptha chun cáilíocht na nósanna imeachta measúnaithe tionchair chomhshaoil a neartú i ndáil le saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear acmhainní nádúrtha, inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht agus athrú aeráide. Is modh é MTC a úsáideann na húdaráis inniúla (e.g. Údarás Áitiúil) i measúnú pleanála chun tionchar comhshaoil forbartha a chainníochtú. Cinntíonn an próiseas go gcuirtear inbhuanaitheacht agus éiceolaíocht, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, san áireamh. |

## Aguisín 4: Láithreáin Ainmnithe i gContae an Chláir

**Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna)** i gContae an Chláir

| Ainm an Láithreáin | Cód Láithreáin SPNF |
|---|---|
| Loch Bhaile Uí Áille SAC | 000014 |
| Loch Bhaile Uí Chuileannáin SAC | 000016 |
| Baile Uí Chuileannáin, Seanfhoirgneamh Cónaithe SAC | 002246 |
| Loch Bhaile Uí Ógáin SAC | 000019 |
| Baile Uí Thaidhg (An Clár) SAC | 000994 |
| Turlach Bhaile Uí Bheacháin SAC | 000996 |

| | |
|---|---|
| Coimpléasc Cheann Boirne-Poll Salach SAC | 000020 |
| Dumhcha na Ceathrún Móire SAC | 002250 |
| Pointe na Ceathrún Móire go Rinn na Spáinneach agus na hOileáin SAC | 001021 |
| Danes Hole, Poll na Leice SAC | 000030 |
| Coillte agus Lochanna an Droma Mhóir SAC | 000032 |
| Coimpléasc Bhoirne Thoir SAC | 001926 |
| Coimpléasc Chuan na Gaillimhe SAC | 000268 |
| Portach Ghleann Dríth SAC | 001912 |
| Coill Ghleann Ómra SAC | 001013 |
| Inbhear na hEidhní SAC | 000036 |
| Sceireacha Chill Chaoi SAC | 002264 |
| Teach Chill Chisín SAC | 002319 |
| Teach Chnoc an Oidhre SAC | 002318 |
| Turlach Loch Gais SAC | 000051 |
| Portach Loch an Tóraic SAC | 000308 |
| Abhainn na Sionainne Íochtarach SAC | 002165 |
| Sliabh Mhóinín SAC | 000054 |
| Córas Abhainn Mhaothraí SAC | 000057 |
| Teach Bhaile Uí Shlatara SAC | 002157 |
| Coimpléasc Chill Eoin agus Edenvale SAC | 002091 |
| Seanfhoirgneamh Cónaithe (An Chéibh) SAC | 002010 |
| Seanfhoirgnimh Cónaithe, An Reighleán SAC | 002314 |
| Seanfhoirgnimh Feirme, Baile Mhic Gruagáin SAC | 002245 |
| Portach Pholl an Ghamhna SAC | 002126 |
| Uaimh Pholl an Deataigh SAC | 000037 |
| Poll na nGordán (Cuinche) SAC | 000064 |
| Uaimh Abhainn Ó gCearnaigh SAC | 002316 |
| Portach na Boirní SAC | 002312 |

| | |
|---|---|
| Loch an Tearmainn SAC | 001321 |
| Eastát Thamhnaí SAC | 002247 |
| Loch agus Portach Thulaigh Thoir | 002343 |

**Limistéir Speisialta faoi Chosaint (SPAnna)** i gContae an Chláir

| **Ainm an Láithreáin** | **Cód Láithreáin SPNF** |
|---|---|
| Loch Bhaile Uí Áille SPA | 004041 |
| Aillte an Mhothair SPA | 004005 |
| Bogaigh Chora Finne SPA | 004220 |
| Oileán an Fhéaráin SPA | 004114 |
| Cuan na Gaillimhe Laistigh SPA | 004031 |
| Ceann Léime SPA | 004119 |
| Loch Deirgeirt (an tSionainn) SPA | 004058 |
| Cósta an Chláir Láir SPA | 004182 |
| Abhainn na Sionainne agus Abhainn an Fhorghais SPA | 004077 |
| Sliabh Eachtaí SPA | 001468 |

**Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna)** i gContae an Chláir

| **Ainm an Láithreáin** | **Cód Láithreáin SPNF** |
|---|---|
| Portach na hAille Íochtaraí NHA | 000993 |
| Portach Chluain Lom Mór NHA | 002307 |
| Portaigh Chraig na Seangán NHA | 002400 |
| Loch an Dúin NHA | 000337 |
| Portach Ghort an Chuilinn NHA | 002401 |
| Portaigh Loch an Chró NHA | 002421 |
| Portaigh Cheantar Loch an Tóraic NHA | 002377 |
| Portaigh Loch na Mine NHA | 002367 |
| Portach Loch an Fhiolúin NHA | 001020 |
| Portaigh Chnoc an Ois NHA | 002442 |

| | |
|---|---|
| Eanach an Oisritheora NHA | 002439 |
| Portach Shliabh Calláin NHA | 002397 |
| Portach Chnoc na gCreabhar NHA | 002402 |

**Grianghrafaif**

Enda O’Loughlin

Wetland Surveys Ireland

Daniel Hargreaves

Michael O’Brien

Kate Flood

Barry O’Loughlin

Rocket Science Media

Sinéad Keane

Aine Bourke

Kevin Collins

Linda Hebenstreit

Marina Levitina

Thomas o’Flynn

Alan McCarthy

An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna






COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

- **Comhairle Contae an Chláir, Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir V95 DXP2**
- **biodiversity@clarecoco.ie**
- **www.clarecoco.ie**